






# RANNÁN CULTÚIR 2020

COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA nGALL

# CULTURE DIVISION 2020

DONEGAL COUNTY COUNCIL

Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

2020.
Dearadh le Manna Design, www.mannadesign.net
Foilsithe ag Seirbhísi Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall
Lána Chnocán na Rós, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, F92 KP90.
T: +353 74 915 3900

Aithníonn Seirbhísi Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall nach bhféadfaí na tionscnaimh agus na cláir, ar a bhfuil cur síos déanta orthu san fhoilseachán seo, a chur i gcrích gan an tacaíocht fhíorluachmhar a fhaightear óna bhfoireann, óna maoinitheoirí agus óna n-eagraíochtaí comhpháirtithe.

2020.
Design by Manna Design, www.mannadesign.net
Published by Donegal County Council Culture Division
Rosemount Lane, Letterkenny, Co. Donegal, F92 KP90.
T: +353 74 915 3900

Donegal County Council Culture Division acknowledges the invaluable support of all its staff, funders, and partner organisations, without whose assistance the projects and programmes described in this publication would not have been possible.

# An Clár


Réamhrá 5

Clár Éire Ildánach 6

Seirbhís Leabharlainne 12

Seirbhís Ealaíon 27

Ionad Cultúrtha Réigiúnach 41

Seirbhís Músaeim 54

Seirbhís Cartlainne 63

Oifig Oidhreachta 72

Acrainmneacha 82


# Contents


Foreword 5

Creative Ireland Programme 6

Library Service 12

Arts Service 27

Regional Cultural Centre 41

Museum Service 54

Archives Service 63

Heritage Office 72

Acronyms 82

Libraries
Leabharlanna



Regional Cultural Centre
Lárionad Cultúrtha Réigiúnach



Museum
Músaem



Heritage
Oidhreacht





Arts
Ealaíona



Public Art
Ealaín Phoiblí



Archives
Cartlann

074 91 53900
www.donegalcoco.ie/culture
www.donegallibrary.ie

Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

# Réamhrá

Tá sé mar aidhm ag an Rannán Cultúir, mar atá leagtha amach i *gCultúr: Fís Straitéiseach do Sheirbhísí Cultúrtha 2016 – 2020* an saol a shaibhriú, mothú féiniúlachta a fheabhsú, deiseanna cultúrtha agus sóisialta a mhéadú agus ár n-oidhreacht chultúrtha a chaomhnú do na glúnta atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo trí fhorbairt a dhéanamh ar na seirbhísí Leabharlainne, Ealaíon, Músaeim, Cartlainne agus Oidhreachta

Bliain is ea 2020 a mbeidh cuimhne uirthi as an dochar ollmhór a rinneadh don chine daonna, an suaitheadh agus an tionchar eacnamaíoch. I measc réabadh COVID-19, tháinig léiriú domhanda de chultúr, cruthaitheacht agus samhlaíocht chun cinn mar chuid dár bhfreagra comhoibríoch ar aire a thabhairt dúinn féin agus aire a thabhairt dá chéile. Níos mó ná riamh, tuigimid cé chomh tábhachtach agus atá léitheoireacht, scríbhneoireacht, líníocht, amhránaíocht, ceoltóireacht, meas ar ár n-oidhreacht áitiúil, bheith amuigh faoin aer agus caint lena chéile, cibe cruth a bhíonn orthu sin.

Chun gníomhaíocht chruthaitheach agus chultúrtha a ghiniúint, cuireadh neart sruthanna breise maoinithe ar fáil in 2020. Mar thoradh ar Rannán Cultúir tiomanta na Comhairle, atá ann le fada agus taithí mhaith aige, bhí an Chomhairle ábalta go maith an deis seo a thapú.

Léargas is ea Athbhreithniú 2020 ar raon leathan agus saibhir na ngníomhaíochtaí, na dtionscadal agus na gclár a bhí ann i rith na bliana, cuid mhaith acu a cuireadh ar fáil i gcomhpháirt le heagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí eile, agus cuid mhaith acu á gcur ar fáil ar líne den chéad uair.

**Joe Peoples, Stiúrthóir**
**Eileen Burgess, Bainisteoir Rannáin**

# Foreword

The mission of the Culture Division, as set out in *Cultúr: a Strategic Vision for Cultural Services 2016 – 2020*, is to enrich life, enhance sense of identity, increase cultural and social opportunities, and conserve cultural inheritance for present and future generations by developing Library, Arts, Museum, Archive and Heritage services.

2020 is a year that will always be remembered for its enormous human cost, its disruption and economic impact. Amidst the devastation of COVID-19, a worldwide demonstration of culture, creativity and imagination emerged as part of our collective response to minding ourselves and minding each other. More than ever we're understanding how important reading, writing, drawing, singing, making music, appreciating our local heritage and history, being outdoors, and simply talking to each other in whatever form that takes, really are.

To generate creative and cultural activity, many additional funding streams became available in 2020. Because of the Council's longstanding dedicated and experienced Culture Division, the Council was well placed to deliver on this opportunity.

The 2020 review is a snapshot of the wide and rich range of activities, projects and programmes that took place throughout the year, many of which were delivered in partnership with community and other organisations, with many being delivered online for the first time.

**Joe Peoples, Director**
**Eileen Burgess, Divisional Manager**

# Clár Éire Ildánach

## Comhaontú Seirbhíse

Shínigh Comhairle Contae Dhún na nGall Comhaontú Seirbhíse 3-bliana nua leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, chun an clár Éire Ildánach 2020 – 2022 a chur ar fáil.

## Scéim deontais Cultúir & Cruthaitheachta

Osclaíodh an Scéim Deontais Cultúir & Cruthaitheachta áitiúil in Eanáir 2020. Bhí 15 deontas €2,000 ar fáil, agus fuarthas 127 iarratas.


# Creative Ireland Programme

## Service Level Agreement

Donegal County Council signed a new 3-year Service Level Agreement with the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, to deliver the Creative Ireland programme 2020 – 2022.

## Culture & Creativity grant scheme

The local Culture & Creativity Grant Scheme opened in January 2020. 15 grants of €2,000 were available, and 127 applications were received.





*Cruinniú an Fhórsa ag Coróin Bhanba, Cionn Mhálanna le linn an léirithe ar ghearrscannán do Chruinniú na nÓg 2020*
Grianghraf: Martha McCullough

*The Gathering of the Force at Banba's Crown, Malin Head during the production of a short film for Cruinniú na nÓg 2020*
Photograph: Martha McCullough

## Cruinniú na nÓg

Bhí lá náisiúnta na cruthaitheachta do leanaí agus don aos óg ann Dé Sathairn an 13 Meitheamh. Iarradh ar dhaoine óga cuidiú leis an chlár imeachtaí a phleanáil lena chinntiú gur cuireadh a smaointe isteach sa phlean. Bhí an clár bunaithe ar imeachtaí le leanaí agus daoine óga 'ag déanamh', 'ag táirgeadh', agus 'ag cruthú'. Toisc go raibh sé go hiomlán ar líne, tharla clár na bliana seo i seomraí suí agus cistineacha ar fud Chontae Dhún na nGall agus ar fud na hÉireann. Ghlac leanaí agus daoine óga páirt i gceardlanna ar líne, mionfhéile cheoil don óige, gearrscannán a eisiúint, agus ranganna teagaisc. I measc na gceardlann bhí scríbhneoireacht chruthaitheach, scríbhneoireacht amhrán, códú, agus craoltóireacht. Sa tionscadal *Recipes for Disaster* chuidigh cócairí óga le ríomhleabhar tiomanta a chur le chéile. Thug an mhionfhéile cheoil óige *Alone Together* deis do cheoltóirí agus leantóirí óga ceoil a bhféile féin a chur le chéile. Bhí an-éileamh go deo ar ghearrscannán *Gathering of the Force*, ní hamháin cionn is go léiríonn sé teacht aniar na ndaoine óga le linn na paindéime, ach fosta de bharr na n-íomhánna iontacha de cheann de na háiteanna is áille i nDún na nGall, Coróin Bhanba i gCionn Mhálanna.

## Athbhreithniú

Go náisiúnta, bhí athbhreithniú eatramhach ann ar Phobail Ildánacha. Is é an cuspóir a bhí leis an athbhreithniú (i) machnamh a dhéanamh ar eispéiris agus éifeachtúlacht na bhfoirne áitiúla le cur ar chumas na n-údarás áitiúil an chruthaitheacht a neadú sa bheartas poiblí, agus leis an chruthaitheacht a úsáid mar straitéis don fholláine, comhtháthú sóisialta agus forbairt eacnamaíochta; (ii) an dea-chleachtas a leagan amach; agus (iii) machnamh a dhéanamh ar an chur chuige straitéiseach i dtaca le Colún 2 agus fiosrú conas a d'fhéadfaí an soláthar is fearr a dhéanamh i gcomhar le húdaráis áitiúla amach anseo. Rinneadh cúig mholadh, a bheidh mar bhonn le cláir amach anseo.

## Cruinniú na nÓg

The national day of creativity for children and young people took place on Saturday, 13th June.  Young people were asked to contribute to planning the programme of activities to ensure that their ideas were incorporated into the plan. The programme was activity based with children and young people 'doing', 'making', and 'creating'. This year's programme, being entirely online, took place in living rooms and kitchens throughout County Donegal and across Ireland. Children and young people participated in online workshops, a mini youth music festival, short film release, and tutorials. Workshops included creative writing, song writing, coding, and broadcasting. *Recipes for Disaster* saw budding young chefs contribute to a dedicated eBook. The *Alone Together* youth mini music festival offered young musicians and music fans the chance to put together their very own festival. A short film *Gathering of the Force*, was a huge hit, not only because it represents the resilience of young people throughout the pandemic, but also for the breathtaking footage of one of Donegal's most scenic areas, Banba's Crown in Malin Head.

## Review

Nationally, an interim review of Creative Communities took place. The purpose of the review was to (i) consider the experiences and effectiveness of the local teams to enable local authorities embed creativity in public policy, and to utilise creativity as a strategy for wellbeing, social cohesion and economic development; (ii) map good practice; and (iii) consider the strategic approach to Pillar 2 and explore how delivery in collaboration with local authorities could be optimised in future. Five recommendations were made, which will inform future programmes.





*Thuas: Eitleoga a dhéanamh sa bhaile do Chruinniú na nÓg 2020*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Above: Creating Kites at home for 'Cruinniú na nÓg' 2020*
Photograph: Paul McGuckin

*Thuas ar dheis: Seisiún taifeadta don tionscadal 'Amhráin Inis Eoghain'*
Grianghraf: Neil McGrory

*Above right: Recording session for the 'Amhráin Inis Eoghain' Project*
Photograph: Neil McGrory

*Ar dheis: An taibhealaín faoi lán seoil – Sandra Johnston 'Rare Sightings' [Tionscadal "Wild Swans"]*
Grianghraf: Bernadette Hopkins

*Right: Performance Art in action – Sandra Johnston 'Rare Sightings' [Wild Swans Project]*
Photograph: Bernadette Hopkins





*Farasbarr olla ar an láthair sa mhonarcha cairpéad sna Cealla Beaga ["We Are The Makers"]*
Grianghraf: Helena Campbell

*Surplus wool onsite at the Killybegs carpet factory [We Are The Makers]*
Photograph: Helena Campbell

## Ciste um Aosú Dearfach agus Folláine

Thug Comhairle Contae Ros Comáin cuireadh do Chomhairle Contae Dhún na nGall dul i gcomhpháirtíocht i gcomhiarratas ar an Chiste um Aosú Dearfach agus Folláine. Bhí rath ar an iarratas agus tharla Cónaitheacht Ealaíontóirí leis an phéintéir portráidí Andy Parsons dá bharr.

## An Ciste Cruthaitheachta Náisiúnta

Rinneadh an tionscadal reatha *Reimagine* lena nasctar Músaem an Chontae, an tIonad Cultúrtha Réigiúnach agus Amharclann an Ghrianáin, a ionchorprú i bPlean Athghiniúna Leitir Ceanainn. Bhí comhairliúchán poiblí ann maidir leis an *Oíche Chultúir*.

## Tionscnaimh eile maoinithe ag Éire Ildánach

Tugadh tacaíocht do raon de thionscnaimh bhreise, lena n-áirítear *suirbhé agus clár Audience Development* reatha; an Tionscadal Taighde *The Laurels – People, Place & Prose*; máistir-ranganna scannáin; agus an scéim deontais do dheisiú tithe ceann tuí.

Tharla méadú suntasach ar an mhaoiniú a bhí ar fáil mar thoradh ar an phacáiste Spreagtha Post Iúil agus maoiniú chun gníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach a spreagadh laistigh de phobail. Tugadh tacaíocht do roinnt tionscnamh eile le cur san áireamh i *gclár cuimhneacháin Colmcille 1500*, lena n-áirítear léiriú de *The Enemy Within*; taispeántas il-ionad dar teideal Turas; paca oideachais Colmcille; tionscadal scéalaíochta digiteach Colmcille; agus coimisiún do Cheolfhoireann Óige Dhún na nGall. I measc na nithe eile a fuair tacaíocht bhí seisiúin oiliúna *FabLab*, plean caomhnaithe Bhéal Átha Seanaidh, agus scéim sparánachta d'ealaíontóirí.

## Positive Ageing and Wellbeing Fund

Roscommon County Council invited Donegal County Council to partner in a joint application to the Positive Ageing and Wellbeing Fund. The application was successful and resulted in an Artists' Residency with portrait painter Andy Parsons.

## National Creativity Fund

The ongoing *Reimagine* project linking the County Museum, the Regional Cultural Centre and An Grianán Theatre, was incorporated into the Letterkenny Regeneration Plan. Public consultation took place on Culture Night.

## Other Creative Ireland supported initiatives

A range of further initiatives were supported, including the ongoing *Audience Development* survey & programme; *The Laurels – People, Place & Prose* Research Project; film masterclasses; and the *Thatch Repair Grant Scheme*.

The available funding increased substantially due to the July Jobs Stimulus package and funding to encourage cultural and creative activity within communities. Several further initiatives to be included in the *Colmcille 1500 commemorative programme* were supported, including a production of *The Enemy Within*; a multi-venue exhibition entitled *Turas; a Colmcille education pack; a Colmcille Digital Storytelling* project; and a Donegal Youth Orchestra commission. Among others also supported were *FabLab* training sessions, a Ballyshannon conservation plan, and an artist bursary scheme.

# Seirbhís Leabharlainne

Cuireann Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall rochtain ar fáil do líonra náisiúnta de bhreis agus 333 leabharlann agus níos mó ná 15 mhilliún ní i stoc, chomh maith le bailiúchán náisiúnta de ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair, nuachtáin ar líne, irisí, ábhar tagartha, cúrsaí teanga agus foghlama.

Mar a tharla do neart seirbhísí le linn 2020, bhí ar ár Seirbhís Leabharlainne dul in oiriúint go gasta agus chuireamar seirbhísí ar fáil ar bhealaí nua le linn na leibhéal éagsúil de shrianta mar thoradh ar an phaindéim COVID-19. Ar leibhéil éagsúla sholáthraíomar seirbhísí amhail: Brabhsáil agus Iasacht, Teagmháil agus Bailiúchán agus Seirbhís chun Tí; agus leanúint de na seirbhísí a chuireamar ar fáil ar líne a thairiscint, a chur chun cinn agus a leathnú – acmhainní breise ar líne agus clár imeachtaí ar líne san áireamh.

Mar thoradh nádúrtha ar an phaindéim, bhí fás ollmhór sa tSeirbhís Leabharlainne in úsáid acmhainní ar líne i rith na bliana. Mar shampla, fás 139% i ríomhleabhair ó 2019 go 2020, le hardú ollmhór 512% in úsáid ár n-acmhainní ar líne ar an iomlán.

# Library Service

Donegal Library Service provides access to a national network of over 333 libraries and over 15 million items of stock, as well as a national collection of eBooks and eAudiobooks, online newspapers, magazines, reference material, language and learning courses.

Like so many services during 2020, our Library Service had to adapt quickly and delivered services in new ways throughout the different levels of restrictions as a result of the COVID-19 pandemic. At various levels we provided: Browse and Borrow, Contact and Collect and Doorstep Delivery services; as well as continuing to offer, promote and extend the services we offered online – including additional online resources and an online events programme.

As a natural consequence of the pandemic, the Library Service saw a huge growth in the use of online resources throughout the year. For example, 139% growth in eBooks from 2019 to 2020, with a whopping 512% increase in the use of our online resources overall.






*Foireann na leabharlainne ag obair le linn na paindéime*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Library staff at work during the pandemic*
Photograph: Paul McGuckin

## Seirbhís chun Tí

Rinne an tSeirbhís Leabharlainne iarracht seirbhísí leanúnacha a sholáthar le linn na paindéime. I mí na Samhna tugadh isteach an *Seirbhís chun Tí*, a chuir seirbhís seachadta ar fáil do bhaill an phobail a bhí ag féin-aonrú. Rinneadh iarratais tríd an Aonad Freagartha Pobail COVID-19, a chuir na hiarratais ar aghaidh chuig an tSeirbhís Leabharlainne.

## Doorstep Delivery

The Library Service strived to provide consistent services throughout the pandemic. In November, the new *Doorstep Delivery Service* was introduced, which provided a delivery service to those members of the community who were self isolating. Requests were made through the COVID-19 Community Response Unit, who referred these on to the Library Service.

## Clár Oiliúna

Le linn na dianghlasála, agus na leibhéil éagsúla de shrianta, thapaigh foireann na leabharlainne an deis le huasoiliúint agus d'fhreastail siad ar chláir oiliúna éagsúla ar líne. San áireamh san oiliúint bhí gach rud ón Fheasacht ar Aois agus Uathachas, go heagarthóireacht físe go *Tús Áite do Léitheoirí.*

## Training Programme

During lockdown, and the various levels of restrictions, library staff took the opportunity to up-skill and attended various online training programmes. Training included everything from Age Friendly and Autism Awareness, to video editing, to *Putting Readers First*.

## Clár Ceart Chun Léitheoireachta

Déanann Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall, le heagraíochtaí comhpháirtíochta, *Plean Gníomhaíochta um Cheart Chun Léitheoireachta* áitiúil bliantúil a dhearadh agus a chomhordú, agus oibríonn leis na comhpháirtithe sin chun é a chur i gcrích.

I bhfianaise na gcúinsí le linn 2020, rinne foireann na leabharlainne oiriúnú an-ghasta agus an-díograiseach chun an clár a bhí beartaithe a chur ar líne. Tá roinnt buaicphointí sa liosta ar chúl an leathanaigh.

## Right to Read Programme

Donegal Library Service, with partner organisations, draws up and coordinates an annual local *Right to Read Action Plan* and works with those partners towards its implementation.

Given the circumstances during 2020, library staff pivoted very quickly and enthusiastically to moving the planned programme online. Some highlights are listed overleaf.




*Teagmháil agus Bailiúchán ag an Leabharlann Lárnach, Leitir Ceanainn, le linn srianta Leibhéal 3*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Contact and Collect at Central Library, Letterkenny, during Level 3 restrictions*
Photograph: Paul McGuckin


little cottage built of peat and thatched with reeds, on the edge of a great forest.
Tall trees sheltered its back from the north wind, and the midday sun made its front
warm and cheerful. Swallows built in the eaves, and daisies grew thick at the door'
Frances Browne
Granny's Wonderful Chair
Nativity

## Léigh DnG 2020

Ghlac níos mó ná 2,000 duine ar fud Dhún na nGall páirt san eachtra chomhoibríoch léitheoireachta le linn Feabhra agus Márta 2020. Is é an leabhar a roghnaíodh *Hopscotch in the Sky*, leis an fhile, dearthóir agus údar Lucinda Jacob. Chuaigh an coiste i gcomhar le Laureate na nÓg Sarah Crossan, chun suim san fhilíocht a mhúscailt. Cé gur tharla an ócáid oscailte mar a bhí pleanáilte, leis an aoi speisialta Denise Blake sa Leabharlann Lárnach an 6 Feabhra, ar an drochuair cuireadh an searmanas deiridh ar ceal de bharr na paindéime. Cuireadh cúig cheardlann ar fáil i mbunscoileanna ar fud Dhún na nGall, agus chuidigh siad le leanaí a ndánta féin a chruthú atá coinnithe anois i gCartlann Náisiúnta Laureate na nÓg. Is iad seo na gníomhaireachtaí a ghlac páirt:  BOO Dhún na nGall, FSS, Parentstop, Clár Críochnaithe Scoile (SCP), Teagmháil Baile, Scoile agus an Phobail (HSCL), LYIT, agus Seirbhís Leabharlainne Chontae Dhún na nGall.

## Read DL 2020

Over 2,000 people across Donegal took part in the collective reading adventure during February and March 2020. The book chosen was *Hopscotch in the Sky*, by poet, illustrator and author Lucinda Jacob. The committee teamed up with Laureate na nÓg Sarah Crossan, with the aim of sparking an interest in poetry. While the opening ceremony took place as planned, with special guest Denise Blake in the Central Library on 6th February, the closing ceremony was unfortunately cancelled due to the pandemic.  Five workshops were delivered in primary schools across Donegal, and helped children create their own poems which are now housed in the National Laureate na nÓg Archive. Agencies who took part were:  Donegal ETB, HSE, Parentstop, School Completion Programme (SCP), Home School Community Liaison (HSCL), LYIT, and the Donegal County Library Service.

## Am Scéalaíochta san Earrach

Chuaigh an clár *Am Scéalaíochta san Earrach* ar líne i mí Aibreáin mar thoradh ar shrianta COVID-19. Chuir an tSeirbhís Leabharlainne seisiúin scéalaíochta ar líne ar fáil a bhí dírithe ar theaghlaigh chun béim a chur ar thábhacht na léitheoireachta sa bhaile. Bhí na seisiúin idirghníomhach, taitneamhach agus eolasach, agus bhí beagnach 8,000 amharc ar na seisiúin le Malachy Doyle, Karen Edwards agus Boogie Bugs.

## Spring into Storytime

*The Spring into Storytime* programme went online in April due to COVID-19 restrictions. The Library Service delivered online storytelling sessions aimed at families to reinforce the importance of reading at home. The sessions were interactive, fun, and informative with almost 8,000 views of the sessions with Malachy Doyle, Karen Edwards and Boogie Bugs.

*Balla Céadfaí an Dá Bhaile*
Grianghraf: Seirbhís Leabharlainne

*Twin Towns Library Sensory Wall*
Photograph: Library Service

## Eachtra Léitheoireachta Réaltaí Samhraidh

Is é *Réaltaí Samhraidh* an clár náisiúnta léitheoireachta saor in aisce do leanaí, a bhí ann in 2020 ón 15 Meitheamh go deireadh Lúnasa. I nDún na nGall, chuaigh *Réaltaí Samhraidh* ar líne i mbliana. I measc na n-imeachtaí bhí tráthanna na gceist, tóraíochtaí taisce agus seisiúin scéalaíochta ar líne agus club leabhar léamh os ard. Chuir roinnt leabharlanna seirbhís ar fáil do 'Bhailiúchán Cosáin", inar bhailigh leanaí pacaí d'Ealaíona agus Ceardaíocht a fágadh taobh amuigh de dhoras na leabharlainne áitiúla uair sa tseachtain. Ghlac leanaí i nDún na nGall páirt fosta sa chomórtas gearrscéalta náisiúnta dar teideal *An Unexpected Adventure*, agus bhí scéal ó leanbh amháin as Dún na nGall sa bhabhta ceannais. Ghlac 551 leanbh páirt i *Réaltaí Samhraidh* i nDún na nGall i mbliana, ag léamh breis agus 6,300 leabhar agus breis agus 7,000 ríomhleabhar, ríomh-chlosleabhar nó ríomhghreannán.

## Summer Stars Reading Adventure

*Summer Stars* is the free national reading programme for children, which, in 2020, took place from 15 June until end of August. In Donegal, *Summer Stars* went online this year. Events included quizzes, scavenger hunts and online storytelling sessions and a read-aloud bookclub. Some libraries also provided a 'Pavement Pickup' service, where children picked up Arts and Crafts packs left outside the door of their local library once a week. Children in Donegal also took part in the national short story competition entitled *An Unexpected Adventure*, with one Donegal child's story in the final. 551 children took part in Summer Stars in Donegal this year, reading over 6,300 books and over 7,000 eBooks, eAudiobooks or eComics.

## Féile Ealaíon agus Leabhar Leanaí Wainfest

B'é *Spraoi ó Chian* an téama do Wainfest i mbliana. Mhair an fhéile ón 3-11 Deireadh Fómhair. San áireamh i gclár athshamhlaithe fíorúil na féile bhí 63 imeacht le 8,174 rannpháirtí. Leanaí scoile ab ea 7,852 de na rannpháirtithe agus teaghlaigh ab ea 322 díobh.

## Wainfest Children's Arts and Book Festival

The theme for Wainfest this year was *Fun from Afar*. The festival ran from the 3-11 October. The re-imagined virtual festival programme included 63 events with 8,174 participants. 7,852 of the participants were school children and 322 were families.

*Seoladh Wainfest leis an Chathaoirleach, an Comhairleoir Rena Donaghey*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Wainfest Launch with Cathaoirelach Councillor Rena Donaghey*
Photograph: Paul McGuckin


Gingerbread Man
DAVID WIESNER
FLOTSAM
The Smeds and The Smoos
LOTS OF FROGS
SCHOOLS
FAMILIES
#WAINF
WAINFEST.IE
ONLINE
wainfest


SAMSUNG

## Am Teaghlaigh ag do Leabharlann

Chríochnaigh an bhliain 2020 le clár lán spraoi de scéalta ar líne, cócaráil, scríobh litreacha agus síoga de réir mar a chuaigh ár gclár *Am Teaghlaigh ag do Leabharlann* ar líne. Cé gur clár litearthachta é seo a fhéachann le feabhas a chur ar litearthacht teaghlaigh, tá neart spraoi ann don teaghlach le taitneamh a bhaint as le chéile.

## Family Time at Your Library

The year 2020 ended with a fun-filled packed programme of online stories, cookery, letter writing and elves as our *Family Time at your Library* Programme went online. Although this is a literacy based programme that aims to improve family literacy, it is also lots of fun for the family to enjoy together.

## Bealtaine - Féile na Cruthaitheachta do Dhaoine níos sine

Bhí an clár do *Bealtaine* eagraithe, agus bhí an fhoireann – ar a raibh na Seirbhísí Leabharlainne, Mhúsaeim agus Cartlainne, agus an tIonad Cultúrtha Réigiúnach – ag obair ar an bhróisiúr a ullmhú le cur i gcló nuair a tharla an dianghlasáil. Dá bharr sin, bhí orainn cuid mhór den chlár a chur ar ceal nó, dá bhféadfaí, a bhogadh ar líne. Mar shampla, thug an tSeirbhís Leabharlainne agus Éire Shláintiúil coimisiún do Maria Coleman físeán speisialta Ióga Cathaoireach a chruthú d'Fhéile na Bealtaine 2020. Bhí an físeán seo dírithe ar dhaoine a bheith gníomhach ar bhealach bog ach éifeachtach.

## Bealtaine Festival of Creativity in Older Age

The planned programme for *Bealtaine* was organised, and the team - comprising the Library, Museum and Archives Services, and the Regional Cultural Centre - were working on preparing the brochure for print when lockdown happened. As a result, much of the programme had to be cancelled or, where possible, moved online. For example, the Library Service and Healthy Ireland at Your Library commissioned Maria Coleman to create a special Chair Yoga Video for Bealtaine festival 2020. This video was aimed at getting people active in a gentle yet effective manner.

*Ag féachaint ar cheann den iliomad imeachtaí ar líne 'Am Teaghlaigh ag do Leabharlann'*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Viewing one of the many online 'Family Time at Your Library' events*
Photograph: Paul McGuckin

## Seachtain na hEolaíochta

Bhí *Seachtain na hEolaíochta* ann ar líne ón 8–15 Samhain, agus dhírigh téama na bliana seo *Ár dTodhchaí a Roghnú* ar an chaoi inar féidir leis an eolaíocht feabhas a chur ar ár saol inniu agus sa todhchaí. Cuireadh clár nuálaíoch, cruthaitheach, digiteach eolaíochta ar fáil, ina raibh deis ag leanaí caidreamh a dhéanamh leis na heolaithe Robert Winston, Norah Patten agus Mark Langtry. Bhí aon imeacht déag scoile san áireamh sa chlár, a raibh caoga a sé scoil cláraithe dóibh, agus ghlac breis agus 4,000 leanbh páirt. D'fhreastail seacht dteaghlach ar an imeacht teaghlaigh. Bhí comórtas an-rathúil Lego ann le tríocha iontráil as Dún na nGall.

## Science Week

*Science Week* took place online from 8–15 November, and this year's theme *Choosing our Future* focused on how science can improve our lives today and in the future. An innovative, creative, digital programme of science was delivered, where children had the chance to engage with scientists Robert Winston, Norah Patten and Mark Langtry. The programme included eleven school events, which fifty-six schools registered for, and over 4,000 children participated. The family event was attended by seven families.  A very successful Lego competition was held with thirty entrants from across Donegal.

## Seoladh náisiúnta an leabhráin Making the 'Big Talk' many small talks

Sheol an FSS *Making the 'Big Talk' many small talks* ar líne an 10 Samhain. Foilsíodh an leabhrán mar chuid den chlár náisiúnta *Éire Shláintiúil i do Leabharlann*, agus ba thoradh é ar chomhoibriú ar dtús i nDún na nGall idir Seirbhís Óige Dhún na nGall, an tSeirbhís Leabharlainne agus Cur Chun Cinn agus Feabhsú Sláinte, FSS. Tá sé d'aidhm ag an leabhrán spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus caomhnóirí comhrá sláintiúil a bheith acu lena leanaí faoina gcoirp, gnéasacht agus caidreamh trí raon de leabhair atá in oiriúint don aois a chur ar fáil trí líonra na leabharlann.

## National launch of Making the 'Big Talk' many small talks booklet

The HSE launched *Making the 'Big Talk' many small talks* online on the 10th November. The booklet was rolled out as part of the national Healthy Ireland at Your Library programme, and was a result of an original collaboration in Donegal between Donegal Youth Service, the Library Service and Health Promotion and Improvement, HSE. The booklet aims to encourage and support parents and guardians to have healthy conversations with their children about their bodies, sexuality and relationships by providing a range of age-appropriate books through the library network.

## Ionad Faisnéise Europe Direct (EDIC)

Is é cuspóir EDIC, atá lonnaithe sa Leabharlann Lárnach, Leitir Ceanainn agus Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair, rochtain éasca a chur chun cinn ar eolas maidir leis an AE, agus chun plé, díospóireacht agus aiseolas a spreagadh ar leibhéal an ghnáthphobail trí eolas a sholáthar, imeachtaí agus gníomhaíochtaí. D'ainneoin srianta COVID-19 ar imeachtaí, d'eagraigh an tIonad leagan ar líne dá chomórtas díospóireachta *Soapbox*. B'é an téama '*Ba mhaith le achan duine filleadh ar an saol mar a bhí roimh COVID*' agus chuaigh na buaiteoirí sa chomórtas réigiúnach ar aghaidh chuig an bhabhta ceannais náisiúnta i mí na Nollag.

## Europe Direct Information Centre (EDIC)

The objective of the EDIC, based in Central Library, Letterkenny and Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair, is to promote easy access to information about the EU, and to stimulate discussion, debate and feedback at a grassroots level through information provision, events and activities. Despite the COVID-19 restrictions on events, the Centre hosted an online version of its popular *Soapbox* debating competition. The theme was '*Everyone wants to go back to the pre-COVID way of life.*' with the regional competition winners going on to the national final in December.

## Éire Shláintiúil ag do Leabharlann

Leanann an clár *Éire Shláintiúil ag do Leabharlann* d'ithe sláintiúil, gníomhaíocht fhisiciúil agus meabhairshláinte a chur chun cinn. Mar a tharla le cláir leabharlainne eile b'imeachtaí fíorúla na himeachtaí go léir i mbliana. D'áirigh an raon imeachtaí ceardlann leis an tsíceolaí leanaí clúiteach David Coleman. D'óstaigh an Dr Mary O'Kane cainteanna maidir le leanaí athléimneacha a thógáil. D'amharc breis agus 3,000 duine ar na cainteanna seo. Ag druidim le deireadh na bliana eagraíodh sraith de chainteanna dar teideal *Five ways to Wellbeing during Tough Times* i gcomhpháirt le Meabhairshláinte Éireann.

## Healthy Ireland at your Library

The *Healthy Ireland at your Library* programme continues to promote healthy eating, physical activity, and mental health. As with other library programmes all events were virtual this year. The range of events included a workshop with leading child psychologist David Coleman. Talks on raising resilient children were also hosted by Dr Mary O'Kane. These events have been viewed by over 3,000 people. Towards the end of the year a series of talks entitled *Five ways to Wellbeing during Tough Times* was held in partnership with Mental Health Ireland.

## Balla Nua Céadfaí do Leabharlann an Dá Bhaile

Cuireadh balla nua céadfaí, bunaithe ar shaothar an údair Frances Browne, as Srath an Urláir, i Leabharlann an Dá Bhaile i mí na Samhna. Cuireann an balla álainn, a mhaoinigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, go mór leis an leabharlann agus cuireann sé leis an Chathaoir Scéalaíochta Frances Browne a bhí ann cheana.

## New Sensory Wall for Twins Towns Library

A new sensory wall, based on the works of Stranorlar author, Frances Browne, was installed in Twin Towns Library in November. The wall, funded by the Department of Rural and Community Development, is a beautiful addition to the library and complements the existing Frances Browne Storytelling Chair.

## Tionscadal Digiteach Béaloideasa Colmcille 1500 do Scoileanna

Mar chuid de *Chlár Colmcille 1500* de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall, tá an tSeirbhís Leabharlainne, i gcomhpháirt le Libraries NI, ag obair le The Nerve Centre, Doire ar thionscadal digiteach ar shaol agus seanchas Cholmcille. Tá an Nerve Centre ag obair le 10 scoil ar an dá thaobh den teorainn. Is é an aidhm seanchas Cholmcille a athbheochan agus suim a athmhúscailt i mBailiúchán Béaloideasa na Scoileanna, trí leagan 21ú haois de na scéalta a chur ar fáil i bhformáid le beochan dhigiteach. Cuirfear an tionscadal i gcrích in Aibreán 2021.

## Maoiniú na gCuntas Díomhaoin

D'éirigh le Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall cúnamh deontais 90% a fháil a d'fhaomhaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (Ciste na gCuntas Díomhaoin) chun tacú le bearta a leagadh amach in *Ár Leabharlanna Poiblí 2022*. Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall maoiniú meaitseála 10% ar fáil. Is iad seo a leanas na cúig thionscadal a roghnaíodh agus a faomhadh do Dhún na nGall:

1. Calm Waters During the Storm: Donegal Tales from a Pandemic – eagraíodh ceardlanna ar líne sa scríbhneoireacht chruthaitheach le pinsinéirí gníomhacha, agus tiomsaíodh agus cuireadh an saothar i gcló i leabhrán.
2. Full STEAM ahead – mheall ceardlann STEAM ar líne tuismitheoirí agus leanaí le linn Wainfest, agus trealamh á sholáthar ag an tSeirbhís Leabharlainne chun píosa beag róbatach a thógáil.
3. Care Time at Bedtime – ghlac tuismitheoirí agus leanaí páirt i seisiún 6 seachtaine, 30 nóiméad, de cheol agus gluaiseacht ag am codlata, le 'pacaí barróige' curtha ar fáil ag an tSeirbhís Leabharlainne.
4. Clár cuimsithe d'úsáideoirí leabharlainne atá dall agus a bhfuil lagú radhairc orthu – tá clár saincheaptha beartaithe d'imeachtaí leabharlainne d'úsáideoirí atá dall agus a bhfuil lagú radhairc orthu, lena n-áirítear ceol agus scéalaíocht.
5. Tacaí Litearthachta Digití – leis an chlár Touch-Type Read and Spell (TTRS) ar líne tugtar an deis do leanaí agus do dhaoine fásta feabhas mór a chur ar a scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, clóscríbhneoireachta agus uimhríochta.

*An chéad leabhar eile á roghnú ag baint úsáide as an tSeirbhís Brábhsáil agus Iasacht faoi shrianta Leibhéal 2*
Grianghraf: Clive Wasson

*Choosing the next read using the Browse and Borrow Service under Level 2 restrictions*
Photograph: Clive Wasson





*Ag seiceáil na n-acmhainní ar fáil ar líne ag donegallibrary.ie*
Grianghraf: Clive Wasson

*Checking out online resources available at donegallibrary.ie*
Photograph: Clive Wasson

## Colmcille 1500 Digital Schools Folklore Project

As part of Donegal County Council's *Colmcille 1500 Programme*, the Library Service, in partnership with Libraries NI, is working with The Nerve Centre, Derry on a digital project on the life and lore of Colmcille. The Nerve Centre is working with 10 schools on both sides of the border. The aim is to revitalise the folklore of Colmcille and revive interest in the Schools' Folklore Collection, by providing a 21st century version of the stories in a digitally animated format. The project will be completed in April 2021.

## Dormant Accounts Funding

Donegal Library Service was successful in obtaining 90% grant assistance approved from the Department of Rural and Community Development (Dormant Accounts Fund) to support measures set out in *Our Public Libraries 2022*. Donegal County Council provided 10% match-funding. The five projects selected and approved for Donegal were:

1. Calm Waters During the Storm: Donegal Tales from a Pandemic - online creative writing workshops were held with active retirees, with related work collated and printed in a booklet.
2. Full STEAM ahead – a STEAM online workshop engaged parents and children during Wainfest, with kits provided by the Library Service to build a small robotic piece.
3. Care Time at Bedtime – parents and children participated in a 6 week, 30 minute, bedtime music and movement session, with 'cuddle packs' provided by the Library Service.
4. Inclusion programme for blind and visually impaired library users – a tailored programme of library events for blind and visually impaired users, including music and storytelling is planned.
5. Digital Literacy Supports – the Touch-Type Read and Spell (TTRS) online programme offers children and adults the opportunity to greatly improve their reading, writing, typing and arithmetic skills.



*Catriona Williams mar Alice, as an léiriú speisialta drámaíochta amuigh faoin aer, 'Alice In Murvagh', a bhí ann i bhForaois Thrá Mhurbhach i mí Lúnasa. Bhí an seó á léiriú ag Sarah Jane Woods agus á stiúradh ag Sinéad O'Donnell-Carey*
Grianghraf: Rory Williams

*Catriona Williams as Alice, from the special outdoor theatre production, 'Alice In Murvagh', which took place in Murvagh Beach Forest in August. The show was produced by Sarah Jane Woods and directed by Sinéad O'Donnell-Carey*
Photograph: Rory Williams



# Seirbhís Ealaíon

Tugann an tSeirbhís Ealaíon tosaíocht do chláir agus tionscnaimh a chuidíonn le níos mó saoránach agus le héagsúlacht níos mó de shaoránaigh páirt a ghlacadh sna healaíona sa chontae, agus a thacaíonn le healaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon le saothar ealaíne nua a chruthú agus a scaipeadh.

# Arts Service

The Arts Service prioritises programmes and initiatives which enable more, and a greater diversity of, citizens to engage with the arts in the county, and which support artists and arts organisations in the creation and dissemination of new artistic work.



*Louise Conaghan mar 'The Morrigan', ina seó leis an ainm céanna a léirigh sí do lucht féachana beo in Amharclann an Ghrianáin i mí Mheán Fómhair*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Louise Conaghan as 'The Morrigan', in her own show of the same name which she performed to a live audience at An Grianán Theatre in September*
Photograph: Paul McGuckin

## Clár Maoinithe Ioncaim le haghaidh Comhpháirtíocht Straitéiseach

Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall maoiniú ioncaim €107,000 ar fáil do líonra an chontae d'eagraíochtraí ealaíon neamhspleácha – lena n-áirítear Ionad Ealaíon Balor agus Ealaíona Pobail Forbartha Balor, Bealach Féich; Ionad Ealaíon na Mainistreach, Béal Átha Seanaidh; Amharclann Ghaoth Dobhair; Artlink ag Dún Rí; An Gailearaí ag Áislann Ghaoth Dobhair; grúpa ealaíontóirí An Cosán Glas, Gort an Choirce; agus Summer Palace Press ag Cill Chartha.

## Scéim Sparánachtaí Ealaíontóirí

Faoin chéad Scéim Sparánachtaí Ealaíontóirí, chuir an Chomhairle sparánachtaí €1,000 an ceann ar fáil do chúigear is daichead d'ealaíontóirí físe, ceoltóirí, cumadóirí, drámadóirí, scríbhneoirí agus déantóirí scannán gairmiúla an chontae. Thug na sparánachtaí, a bhí á gcomh-mhaoiniú ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus Éire Ildánach, tacaíocht dhíreach le cur ar chumas ealaíontóirí a gcleachtas a choimeád agus aitheantas á thabhairt don méid a chuireann siad leis an tsochaí agus folláine, go háirithe sna hamanna seo nach raibh a leithéid ann riamh cheana.

## Strategic Partnership Revenue Funding Programme

Donegal County Council provided revenue funding of €107,000 to the county's network of independent arts organisations – including Balor Arts Centre and Balor Developmental Community Arts, Ballybofey; Abbey Arts Centre, Ballyshannon; Amharclann Ghaoth Dobhair; Artlink at Fort Dunree; An Gailearaí at Áislann Ghaoth Dobhair; An Cosán Glas artists group, Gort a'Choirce; and Summer Palace Press at Cill Chartha.

## Artist Bursary Scheme

Under its inaugural Artist Bursary Scheme, the Council provided bursaries of €1,000 each to forty five of the county's professional visual artists, musicians, composers, dramatists, writers and film-makers. The bursaries, which were funded jointly by Donegal County Council and Creative Ireland, provided direct support to enable artists sustain their practice while acknowledging the vital contribution they make to society and well-being, especially in these unprecedented times.

## Oíche Chultúir

D'ainneoin na ndúshlán a chuir COVID-19, tharla an *Oíche Chultúir* Dé hAoine 18 Meán Fómhair. Seasann an ócáid amach mar shampla d'acmhainneacht agus cruthaitheacht na n-ealaíontóirí, na n-ionad agus na gcláraitheoirí atá tiomanta don chultúr áitiúil a chur i láthair. Chuir Músaem Contae Dhún na nGall, an Leabharlann Lárnach, an tIonad Cultúrtha Réigiúnach agus Amharclann an Ghrianáin imeachtaí fisiciúla i láthair do lucht féachana beo a bhí sábháilte agus a chloígh leis na treoirlínte dochta ón rialtas.

I measc na n-imeachtaí bríomhara a cruthaíodh go speisialta don Oíche Chultúir bhí cúig ghearrscannán, a thaitin go han-mhór le daoine, ag cur na bithéagsúlachta chun cinn, a choimisiúnaigh an Oifig Oidhreachta; ceardlann do scríbhneoirí óga le rannpháirtithe as Dún na nGall agus Bostún; agus píosa speisialta a chruthaigh ambasadóir Dhún na nGall don Oíche Chultúir, *Little John Nee*. I measc na mbuaicphointí eile bhí *Seisiúin* den chéad scoth ag an Ionad Cultúrtha Réigiúnach, turas treoraithe le Gailearaí na Gléibe ar Theach na Gléibe, ócáid *Black, Traveller agus Roma Lives Matter* le Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall; clár gearrscannán Artworks; agus sraith ceolchoirmeacha ó Mhná an Atlantaigh Fhiáin. Tá cuid mhór den ábhar seo ar fáil le feiceáil ar chainéal YouTube Chomhairle Contae Dhún na nGall. D'fhéach breis agus 12,000 duine ar an ábhar laistigh de sheachtain ón ócáid.


## Culture Night

Despite challenges posed by COVID-19, *Culture Night* took place on Friday, 18 September. The event stands out as an example of the resourcefulness and creativity of the artists, venues and programmers who are dedicated to showcasing local culture. Donegal County Museum, the Central Library, the Regional Cultural Centre and An Grianán Theatre each presented physical events to live audiences that were safe and met the strict government guidelines.

The vibrant array of online events created especially for Culture Night included five particularly well received short films promoting biodiversity, commissioned by the Heritage Office; a young writers workshop with participants from Donegal and Boston; and a special piece created by Donegal's Culture Night ambassador, *Little John Nee*. Other highlights included the Regional Cultural Centre's excellent *RCC Sessions*, the Glebe Gallery's guided tour of Glebe House, the Donegal Travellers Project's *Black, Traveller and Roma Lives Matter* event; the Artworks film shorts programme; and the Wild Atlantic Womens' concert series. Much of this material is available to view on the Donegal County Council Youtube channel. Over 12,000 people had viewed the content within a week of the event.








*Aoife Boyle (aka Reevah) ag taibhiú mar chuid de shraith ceolchoimeacha ar líne Treehouse d'Fhéile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Gorm i mí Dheireadh Fómhair*
Grianghraf: Treehouse

*Aoife Boyle (aka Reevah) performing as part of Treehouse's online concert series for the Donegal Bay and Blue Stacks Festival in October*
Photograph: Treehouse



*Saothar amharclainne le Margaret Hannon, 'Sister Black', faoi shaol an altra Catherine Black MBE (1878-1949) as Ráth Mealtain, a fuair cuidiú ón tSeirbhís Ealaíon in 2020*
Grianghraf:
Charlie J. Doherty

*Margaret Hannon's devised theatre work, 'Sister Black', on the life and times of Ramelton nurse Catherine Black MBE (1878-1949), was assisted by the Arts Service in 2020*
Photograph:
Charlie J. Doherty

## Féile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Gorm

Bhí an 20ú Féile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Gorm ann ó 25 Meán Fómhair-18 Deireadh Fómhair 2020, nuair a bhí an tír faoi dhianghlasáil COVID-19 ag leibhéal 3. Cé nach bhféadfaí taibhithe beo a bheith ann, chuir an fhéile clár suntasach ar líne i láthair ina raibh sraith drámaíochta ceithre pháirt san áireamh - *Drumshee Days, le Dark Daughter Productions* – a craoladh ar cheithre oíche Aoine as a chéile; chomh maith le sraith de cheithre cheolchoirm a chruthaigh Treehouse, le healaíontóirí as Dún na nGall agus Doire. Chuir na hamhránaithe Deborah Cunningham agus Paul Martin, leis an phianadóir Evan McGarrigle, clár iontach de sheoda ceoldráma as *La Traviata, Sweeney Todd agus Candide* i láthair ag Óstán Harvey's Point, Loch Iascaigh; agus ar phodchraoladh beo á óstáil ag an fhile Denise Blake ó Ionad Ealaíon na Mainistreach bhí na húrscéalaithe Elaine Feeney agus Helen Cullen.

## Ealaín Phoiblí

Thug an tSeirbhís Ealaíon comhairle agus cuidiú d'Oifig na mBóithre Dhún na nGall dhá mhórshaothar ealaíne poiblí a choimisiúnú faoin Scéim *Céatadán don Ealaín*, a bhaineann le hoibreacha caipitil ar an N56 idir an Cúl Buí agus Cill Mhic Réanáin agus ón Chlochán Liath go dtí na Gleannta, ó ealaíontóirí Niall Bruton agus Redmond Herrity faoi seach. Chuaigh an Chomhairle i gcomhpháirt le hÚdarás na Gaeltachta fosta le coimisiún a thabhairt don ealaíontóir Polestar Locky Morris le saothar ealaíne poiblí nua a chruthú d'Áislann Ghaoth Dobhair, áit a bhfuil Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair agus An Gailearaí.

## Donegal Bay and Blue Stacks Festival

The 20th Donegal Bay and Blue Stacks Festival took place from 25 September-18 October 2020, while the county was in level 3 COVID-19 lockdown. Though no live performances could take place, the festival did present a significant online programme which included a four-part drama series - *Drumshee Days, by Dark Daughter Productions* - which was broadcast on consecutive Friday evenings over the festival; as well as a series of four concert performances created by Treehouse, featuring artists from Donegal and Derry. Singers Deborah Cunningham and Paul Martin, with pianist Evan McGarrigle, performed a wonderful programme of operatic gems from *La Traviata, Sweeney Todd* and *Candide* at Harvey's Point Hotel, Lough Eske; while a livestream broadcast hosted by poet Denise Blake from the Abbey Arts Centre featured novelists Elaine Feeney and Helen Cullen.

## Public Art

The Arts Service advised and assisted the Donegal Roads Office to commission two major public art works under the *Per Cent for Art* Scheme, associated with capital works on the N56 at Coolboy to Kilmacrennan and at An Clochán Liath to Glenties, from artists Niall Bruton and Redmond Herrity respectively. The Council also partnered with Údarás na Gaeltachta to commission Polestar artist Locky Morris to create a new public art work for Áislann Ghaoth Dobhair, home to Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair and An Gailearaí.



*Saoirse Alleyne sa léiriú tumthach le hAmharclann Óige an Ghrianáin agus On Cue Peforming Arts de 'Bugsy Malone' a bhí ann i mí Eanáir*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Saoirse Alleyne in An Grianán Youth Theatre and On Cue Peforming Arts immersive production of 'Bugsy Malone' which took place in January*
Photograph: Paul McGuckin

## Infheistiú i Saothair Nua Ealaíne a Chruthú i nDún na nGall

Ceann de na róil is tábhachtaí ag an tSeirbhís Ealaíon is ea spreagadh a thabhairt do chruthú agus cur i láthair saothair nua ealaíne sa chontae. Chuidigh an tSeirbhís Ealaíon le sé léiriú drámaíochta in 2020. Faoi dheireadh, rinneadh scannánú ar *Sister Black* le Margaret Hannon, ar chuir srianta COVID-19 i mí Iúil agus Deireadh Fómhair cosc air, agus chuir Amharclann an Ghrianáin i láthair ar líne é i mí na Samhna. Lean Maura Logue dá cur i láthair don Chónaitheacht san Ionad Cultúrtha Réigiúnach dá dráma *Housekeeper* i mí Bealtaine le taibhiú ar líne dá sraith drámaí *Drumshee Days* lena comhpháirtí ceoil David Ison, i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair. Cuidíodh le dhá léiriú eile – léiriú Balor Rep le Conal Gallen ar dhráma nua le Brian Walsh agus léiriú Workhouse Theatre ar *Philadelphia, Here I Come!* – agus iad á gcleachtadh agus, de bharr srianta COVID-19 cuirfear i láthair iad go luath in 2021.

D'éirigh le léiriú amháin, áfach, na dianghlasálacha COVID-19 a sheachaint. Bhí ocht léiriú, scartha go sóisialta, de *Alice In Murvagh*, cóiriú aisteach le Chloë Murphy den leabhar cáiliúil le Lewis Carroll, á léiriú ag Sarah Jane Woods agus á stiúradh ag Sinéad O'Donnell-Carey, a díoladh amach ag Foraois Mhurbhach, thar dhá dheireadh seachtaine i mí Lúnasa.

## Cuireadh chun Comhoibrithe – Ag Obair i gComhthéacsanna Idirchultúrtha

I mí an Mheithimh, sheol tionscadal Ilchineálachta Cultúrtha, ina raibh an tSeirbhís Ealaíon ina páirtí le Comhairle Contae Mhaigh Eo (príomhpháirtí) agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, a fhoilseachán *Working In Intercultural Contexts – Guide for Local Authorities agus Cultural Providers.* Tá sé d'aidhm ag an treoir bheith mar fhoinse spreagtha agus cúnaimh d'údaráis áitiúla agus soláthraithe cultúrtha tosú ar an phróiseas conas, trí chomhairliúchán pobail, a d'fhéadfaidís forbairt a dhéanamh ar raon de sheirbhísí cultúrtha saincheaptha is mó a mheallfaidh daoine ó chúlraí éagsúla cultúrtha. Fuair an tionscadal maoiniú ó chlár na Comhairle Ealaíon *Cuireadh chun Comhoibrithe.*

## Investing in the Creation of New Artistic Work in Donegal

One of the most important roles of the Arts Service is that of encouraging the creation and presentation of new artistic work in the county. Six drama productions were assisted by the Arts Service in 2020. Margaret Hannon's *Sister Black*, having fallen foul of COVID-19 restrictions in July and October, was eventually filmed and presented online by An Grianán Theatre in November. Maura Logue followed up her Regional Cultural Centre Residency presentation of her *Housekeeper* play in May with an online performance of her four-part *Drumshee Days* drama series with musical partner David Ison, in September and October. Two further shows – Balor Rep's presentation with Conal Gallen of a new play by Brian Walsh and Workhouse Theatre's production of *Philadelphia, Here I Come!* - were assisted in rehearsal and, due to COVID-19 restrictions will now be presented in early 2021.

One production however, did manage to avoid the COVID-19 lockdowns. *Alice In Murvagh*, a quirky adaptation by Chloë Murphy of the Lewis Carroll classic, produced by Sarah Jane Woods and directed by Sinéad O'Donnell-Carey, enjoyed eight socially distanced, sold-out performances at Murvagh Forest, over two weekends in August.

## Invitation to Collaboration – Working In Intercultural Contexts

In June, the Cultural Diversity project in which the Arts Service partnered with Mayo (lead partner) and South Dublin County Councils launched its *Working In Intercultural Contexts – Guide for Local Authorities and Cultural Providers* publication. The guide aims to be a source of encouragement and help to local authorities and cultural providers to begin the process of how, through community consultation, they might develop a range of tailored cultural services that engage most effectively with people from culturally diverse backgrounds. The project was funded through the Arts Council's *Invitation To Collaboration* programme.

## Amharclann an Ghrianáin

Dhruid Amharclann an Ghrianáin na doirse ar an 12 Márta 2020, mar fhreagra ar leathnú COVID-19. Go dtí sin, bhí clár leathan éagsúil curtha ar fáil ag an amharclann le seónna ó Sharon Shannon, Neil Delamere, Jack Lukeman, *Hansel agus Gretel* ó Chompántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta Éireann, an dráma *Trad ó Livin Dred*, ina raibh Seamus O'Rourke, agus léiriú tumthach de *Bugsy Malone*, á thaibhiú ag Amharclann Óige An Ghrianáin agus On Cue Performing Arts.

I ndiaidh a bheith dúnta ar feadh cúig mhí, d'athoscail an amharclann ag druidim le deireadh an tsamhraidh 2020 le *The Morrigan* – píosa drámaíochta do leanaí le Louise Conaghan - agus ceardlann samhraidh, *Acting Friel*, arna héascú ag Sean Donegan agus Tonya Sheina.

### Ag Tacú agus ag Coimisiúnú Saothair Nua

Mar thoradh ar an dara ráig de COVID-19 ag druidim le deireadh Mheán Fómhair bhí gá le dúnadh eile, ach leanadh den obair ar an amharclannaíocht taobh thiar de na doirse dúnta. Chuir an Grianán deiseanna forbartha agus cuidiú léirithe ar fáil d'ealaíontóirí Dhún na nGall lena n-áirítear Patrick Quinn agus a dhráma *Revved*, ceoldráma nua le Séimí Campbell agus an dráma *Sister Black* le Margaret Hannon. Chomh maith leis sin, trína chlár *Let's Make Some Noise*, bhronn an amharclann sparánachtaí ar Chompántas Damhsa Éirú, Mirenda Rosenberg, Lorcan Strain, Brenda Kelly agus Orson Sterritt le saothair nua a chruthú in 2020 agus 2021. Fuair Sarah Jane Scott coimisiún fosta le dráma nua a scríobh, mar a fuair Mairéad Ní Mhaonaigh, a gcuirfear sraith nua cheoil léi i láthair den chéad uair le linn Sheachtain Thraidisiúnta Leitir Ceanainn go luath in 2021.

## An Grianán Theatre

An Grianán Theatre closed its doors on 12 March 2020, in response to the spread of COVID-19. To that point, the theatre had delivered a diverse programme featuring performances by Sharon Shannon, Neil Delamere, Jack Lukeman, Irish National Opera's *Hansel and Gretel*, Livin Dred's play *Trad*, featuring Seamus O'Rourke, and an immersive production of *Bugsy Malone*, performed by An Grianán Youth Theatre and On Cue Performing Arts.

After a five-month closure, the theatre re-opened in late summer 2020 with *The Morrigan* - a childrens' theatre piece by Louise Conaghan - and a summer workshop, *Acting Friel*, facilitated by Sean Donegan and Tonya Sheina.

### Supporting and Commissioning New Work

A second COVID-19 wave in late September necessitated a further closure, but the work of theatre-making continued behind closed doors. As such, An Grianán provided development opportunities and production assistance to Donegal artists including Patrick Quinn and his play *Revved*, a new musical by Séimí Campbell and Margaret Hannon's *Sister Black* play. In addition, through its *Let's Make Some Noise* programme, the theatre awarded bursaries to Éirú Dance Company, Mirenda Rosenberg, Lorcan Strain, Brenda Kelly and Orson Sterritt towards their creation of new work in 2020 and 2021. Furthermore, Sarah Jane Scott was commissioned to write a new play, as was Mairéad Ní Mhaonaigh whose new musical suite will be premiered at Letterkenny Trad Week in early 2021.

## Cur i Láthair ar Líne agus Sruthú

Rinne An Grianán scannánú fosta ar roinnt saothar áitiúil le sruthú ar líne lena n-áirítear *Manny Man's History of Ireland* le John D. Ruddy, *The Morrigan* le Louise Conaghan agus *Sister Black* le Margaret Hannon. Cuireadh i láthair léirithe sruthaithe fosta de *Tom Crean Arctic Explorer* le Aidan Dooley, agus *A Christmas Carol*, mar a cóiríodh ag Aaron Monaghan agus Bryan Burroughs.

## Presenting Online and Streaming

An Grianán also filmed a number of locally produced works for online streaming including John D. Ruddy's *Manny Man's History of Ireland*, Louise Conaghan's *The Morrigan* and Margaret Hannon's *Sister Black*. Streamed performances of *Tom Crean Arctic Explorer* by Aidan Dooley, and *A Christmas Carol*, as adapted by Aaron Monaghan and Bryan Burroughs, were also presented.



*Miriam Needham (An Bhanríon Hart) as an léiriú speisialta drámaíochta amuigh faoin aer, 'Alice In Murvagh', a bhí ann i bhForaois Thrá Mhurbhach i mí Lúnasa. Bhí an seó á léiriú ag Sarah Jane Woods agus á stiúradh ag Sinéad O'Donnell-Carey*
Grianghraf: Rory Williams

*Miriam Needham (Queen of Hearts) from the special outdoor theatre production, 'Alice In Murvagh', which took place in Murvagh Beach Forest in August. The show was produced by Sarah Jane Woods and directed by Sinéad O'Donnell-Carey*
Photograph: Rory Williams

*B'iad na daoine a fuair na sparánachtaí forbartha tosaigh 'Let's Make Some Noise' ó Amharclann an Ghrianáin do shaothair nua, (barr) Compántas Damhsa Ériú, clé-deas) Lorcan Strain,Orson Sterritt, Mirenda Rosenberg agus Brenda Kelly*
Grianghraf: Amharclann an Ghrianáin

*The recipients of An Grianán Theatre's inaugural 'Let's Make Some Noise' new work development bursaries were, (top) Ériú Dance Company, (l-r) Lorcan Strain,Orson Sterritt, Mirenda Rosenberg and Brenda Kelly*
Photograph: An Grianán Theatre





## Féile Ealaíon an Earagail

Le teacht na paindéime COVID-19, ba léir nach bhféadfadh Féile Ealaíon an Earagail bheith ann san fhormáid thraidisiúnta in 2020. Mar fhreagra, d'fhorbair an fhéile a clár nuálaíoch ar líne *Srutháin* de shaothair agus taibhithe coimisiúnaithe, réamhthaifeadta ar scannán, a lean ón 9-26 Iúil. Thug sé seo deis don fhéile teagmháil a dhéanamh le lucht féachana ar fud an domhain.

### Clár Srutháin

Rinneadh suíomhanna agus sainchomharthaí aitheanta ar fud an chontae a thabhairt chun suntais i scannáin den scoth, ó Inis Eoghain, áit a ndearna Ryan Vail agus Ceolfhoireann Elma taibhiú ag Dún an Líonáin, go Leitir Ceanainn áit ar taifeadadh Iarla Ó Lionáird agus Steve Cooney i dTeach Rockhill agus na Henry Girls ag Castlegrove. In Le Sruth Líonta leis na Baird Nua-Aoiseacha rinneadh taifeadadh ar aistear álainn i gcurrach leis an scríbhneoir agus déantóir scannán Eoghan Mac Giolla Bhríde go hOileán Ghabhla, agus in Oíche Airneáil ag Dámhlann an Ghleanna taispeánadh tírdhreach álainn gharbh Ghaeltacht Iarthar Dhún na nGall, le filíocht le Cathal Ó Searcaigh agus ceol agus amhránaíocht le Maighréad agus Tríona Ní Dhomhnaill.

I measc na mbuaicphointí eile ar líne agus sruthaithe bhí coimisiúin agus scannáin faisnéise ina raibh Fidil, Na Mooneys, Compántas Damhsa Ériú, Citadels of The Sun, an t-amharcealaíontóir Christy Keeney agus Teach agus Gailearaí na Gléibe.

## Earagail Arts Festival

With the onset of the COVID-19 pandemic, it was clear that Earagail Arts Festival could not happen in its traditional format in 2020. In response, the festival developed its innovative *Srutháin* ('small streams') online programme of commissioned, pre-recorded filmed works and performances, which ran from 9-26 July. This provided the festival with an opportunity to reach and engage with audiences from all over the world.

### Srutháin Programme

Iconic locations and landmarks around the county were highlighted in cinematic quality, from Inishowen where Ryan Vail and Elma Orchestra performed at the stunning Leenan Fort, to Letterkenny where Iarla Ó Lionáird and Steve Cooney were recorded at Rockhill House and The Henry Girls performed at Castlegrove. Na Baird Nua-Aoiseacha's Le Sruth Líonta captured a beautiful currach journey by writer and film-maker Eoghan Mac Giolla Bhríde to Oileán Gabhla, while Oíche Airneáil at Dámhlann an Ghleanna displayed the landscape of the West Donegal Gaeltacht in all its rugged beauty, accentuating the poetry of Cathal Ó Searcaigh and the music and song of Maighréad and Tríona Ní Dhómhnaill.

Other online and streamed highlights included commissions and documentary films featuring Fidil, Na Mooneys, Ériú Dance Company, Citadels of The Sun, visual artist Christy Keeney and the Glebe House and Gallery.

## Rannpháirtíocht an Phobail

Thug imeachtaí *Srutháin* taitneamh do bhreis agus 14,000 pátrún ar fud na hÉireann, sa Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe, an India, an Ghearmáin, an Fhrainc, an tSín, an Ísiltír, an Astráil agus Ceanada. Chomh maith leis sin, bhí áthas ar eagraitheoirí na Féile dul i gcomhpháirtíocht leis an stáisiún raidió áitiúil is fearr in Éirinn, Highland Radio, do chomhchraoladh speisialta de cheithre imeacht de chuid *Srutháin* - The Henry Girls, Iarla Ó Lionáird agus Steve Cooney chomh maith leis an dráma raidió le Little John Nee *The Jumpin' Inn* agus The *Ghostlight Sessions* le Joshua Burnside agus Kate O'Callaghan ag Ionad Ealaíon Balor.

## Public Engagement

*Srutháin* events were enjoyed by over 14,000 patrons around Ireland, the United Kingdom, the United States, India, Germany, France, China, The Netherlands, Australia and Canada. In addition, the Festival was delighted to team up with Ireland's No.1 local radio station, Highland Radio, for a special simulcast of four *Srutháin* events - The Henry Girls, Iarla Ó Lionáird and Steve Cooney as well as Little John Nee's radio play *The Jumpin' Inn* and *The Ghostlight Sessions* with Joshua Burnside and Kate O'Callaghan at the Balor Arts Centre.

## Camchuairt Bheo Amharclainne

Nuair a cuireadh deireadh le roinnt mhaith de na srianta a bhain le COVID-19 in Iúil 2020, bhí áthas ar eagraitheoirí na féile sraith amháin d'imeachtaí faoin aer a óstáil, le lucht féachana fisiciúil, an seó mealltach *The Tilt of The Sky* le Little John Nee, agus scaradh sóisialta ann. Thug an seó taistil amharclainne cuairt ar Mhálainn, Cúil Dabhcha, Leitir Ceanainn, Gort an Choirce, Dún Fionnachaidh agus Ráth Bhoth, ag críochnú le taibhiú a díoladh amach sa ghairdín i dTeach Ráth Maoláin. Buaicphointe ab ea ócáid fhisiciúil dheiridh na féile don ealaíontóir, na pátrúin agus foireann na féile i samhradh ina raibh idirghníomhaíocht shóisialta agus eispéireas traidisiúnta na féile go mór ar iarraidh.

## Live Theatre Touring

With the lifting of many of the COVID-19 related restrictions in July 2020, the festival was delighted to host one series of outdoor events with physical audiences, Little John Nee's engaging, socially-distanced show, *The Tilt of The Sky*. The pop-up touring theatre show visited Malin, Culdaff, Letterkenny, Gort a'Choirce, Dunfanaghy and Raphoe, culminating in a sold-out performance on the lawns at Rathmullan House. The festival's closing, physical event marked a real high for the artist, patrons and festival staff in what was a summer starved of social interaction and the traditional festival experience.



*Little John Nee ag taibhiú óna sheó 'Tilt of The Sky' i dTeach Ráth Maoláin, ócáid dhóchasach le críoch a chur le Féile Ealaíon an Earagail i mí Iúil*
Grianghraf: Declan Devlin Photography

*Little John Nee in performance from his 'Tilt of The Sky' show at Rathmullan House, an uplifting closing event for the Earagail Arts Festival in July*
Photograph: Declan Devlin Photography



*Ócáid taibhealaíne Wild Swans i bhFánaid, Lúnasa 2020*
Grianghraf: Jeremy Howard

*Wild Swans Performance art event in Fanad, August 2020*
Photograph: Jeremy Howard



# Ionad Cultúrtha Réigiúnach

Measann an Irish Times go bhfuil sé 'ar cheann de na háiseanna ealaíon is fearr sa tír' agus tá clár iomlán de ghníomhaíochtaí ardchaighdeáin ealaíon agus pobail curtha i láthair ag an Ionad Cultúrtha Réigiúnach ó osclaíodh é sa bhliain 2007. Is féidir an clár a chur ar fáil a bhuíochas le maoiniú bliantúil ón Chomhairle Ealaíon, Comhairle Contae Dhún na nGall agus maoiniú tionscadail ó fhoinsí éagsúla.

# Regional Cultural Centre

Rated as 'one of the finest arts facilities in the country' by The Irish Times, the RCC has presented a full programme of high-quality arts and community activities since it opened in 2007. The programme is made possible by annual funding from the Arts Council, Donegal County Council and project funding from a variety of sources.

## An Ceol Áitiúil agus Idirnáisiúnta is fearr a thabhairt go Dún na nGall

Lean an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, ceann de na hionaid cheoil is mó meas agus is ildánaí sa tír, dá chlár forbartha ceoil i gcomhpháirtíocht le Féile Ealaíon an Earagail agus Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall. Thosaigh clár ceoil 2020 go breá le Seachtain Cheoil Thraidisiúnta Leitir Ceanainn a raibh an-rath go deo air, a raibh neart taibhithe a díoladh amach ag scoth de cheoltóirí traidisiúnta an domhain. Lean an clár le rogha de cheolchoirmeacha traidisiúnta, clasaiceacha agus rac-cheoil i mí Feabhra agus go luath i mí an Mhárta ach chuaigh siad ar líne nuair a tugadh isteach srianta COVID-19.

## Bringing the Best Local and International Music to Donegal

The RCC, one of the most highly regarded and versatile music venues in the country, continued its music development programme in partnership with Earagail Arts Festival and the Donegal Music Education Partnership. The 2020 music programme began in style with a highly successful Letterkenny Trad Week, which saw multiple sold out performances by a selection of the finest traditional musicians in the world. The programme continued with a selection of folk, classical and rock concerts in February and early March but went 'online' after COVID-19 restrictions were introduced.

## Úsáid a bhaint as an idirlíon mar Stáitse againn

B'é an tIonad Cultúrtha Réigiúnach an chéad eagraíocht ealaíon in Éirinn lena chlár oibre a thiontú le díriú ar mheáin dhigiteacha agus ar líne le linn céimeanna tosaigh na paindéime COVID-19.

Cuireadh ceolchoirmeacha rialta i láthair ar líne i rith na bliana, ina raibh raon taibheoirí ó Iar-Thuaisceart na hÉireann. Thug na ceolchoirmeacha seo tacaíocht airgeadais riachtanach do líon mór ceoltóirí agus rinne siad siamsa do lucht féachana ar fud an chontae agus níos faide anonn. Bhain breis agus 150,000 duine taitneamh as an chlár ceolchoirmeacha ar líne ón Ionad Cultúrtha Réigiúnach in 2020, agus tá athrú ar ár lucht féachana rialta i bhfad amach ón aimsiú traidisiúnta, le pobail an diaspóra ar fud an domhain i gcaidreamh le ceoltóirí Dhún na nGall trínár n-ábhar ar líne.

Sheas na ceolchoirmeacha seo "amach ón slua" mar thoradh ar luachanna léirithe den scoth agus caighdeán ard ceoil.

## Using Online as our Stage

The RCC was the first arts organisation in Ireland to pivot its work programme to focus on digital and online mediums during the initial stages of the COVID-19 pandemic.

Regular online concerts were presented throughout the year, featuring an eclectic range of performers from the North West of Ireland. These concerts served to provide vital financial support to a large number of musicians and to entertain audiences throughout the county and much further afield. Over 150,000 people have enjoyed the RCC's online 2020 concert programme, and our regular audience has diversified beyond its traditional reach, with diaspora communities across the world engaging with Donegal musicians through our online content.

These concerts 'stood out from the crowd' because of exemplary production values and a high standard of music.

"Is léir go bhfuil meas agus ómós acu do luach na n-iarrachtaí cruthaitheacha, agus tá fís, ceannaireacht agus meas léirithe acu d'ealaíontóirí agus lucht féachana in am an-eisceachtúil agus éiginnte."

Suirbhé ar Chustaiméirí an Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh, 2020

"It's clear they appreciate and respect the value of creative endeavours, and they have shown great vision, leadership and respect to artists and audiences in an unprecedented and uncertain time."

RCC Customer Survey, 2020



*Ceolchoirm ar Líne – Daoine a Éisteann leis an Spéir*
Grianghraf: Jeremy Howard

*People that Listen to the Sky Online Concert*
Photograph: Jeremy Howard

# Nuálaíocht: Ealaíontóirí Cónaithe Fíorúla

D'fhorbair agus sheol an tIonad Cultúrtha Réigiúnach an chéad sraith in Éirinn de chónaitheachtaí fíorúla d'ealaíontóirí mar fhreagra ar dhúnadh náisiúnta na n-ionad cultúrtha. Leis na coimisiúin seo chuir raon leathan d'ealaíontóirí saothar ar fáil trí ardáin ar na meáin shóisialta agus suíomh gréasáin an Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh. Áirítear i measc Ealaíontóirí Cónaithe Fíorúla an Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh na taibheoirí amharclainne Little John Nee agus Maura Logue, an t-ealaíontóir digiteach Joe Fahy, an scríbhneoir amhrán Sarah Cullen, an dealbhóir cloiche Redmond Herrity, an ceoltóir Seamus McGuire, grianghrafadóirí Omar Yashruti, Vukašin Nedeljković, Declan Devlin agus Dragana Jurišić, agus neart eile nach iad.

Idir Márta agus Nollaig 2020, thug an tIonad Cultúrtha Réigiúnach coimisiún do bhreis agus 178 ealaíontóir, ceoltóir agus oibrí san earnáil chruthaitheach le saothar a chruthú agus/nó a chur i láthair mar chuid dár gclár ginearálta.

# Innovation: Virtual Artist-in-Residencies

The RCC developed and launched Ireland's first series of 'virtual' artist residencies as a response to the national closure of cultural venues. These commissions saw a wide range of artists deliver work through social media platforms and the RCC's website. Examples of RCC Virtual Artist-in-Residence include theatre performers Little John Nee and Maura Logue, digital artist Joe Fahy, songwriter Sarah Cullen, stone sculptor Redmond Herrity, musician Seamus McGuire, photographers Omar Yashruti, Vukašin Nedeljković, Declan Devlin and Dragana Jurišić, and many more.

Between March and December 2020, over 178 artists, musicians and creative sector workers were commissioned by the RCC to create and/or perform work as part of it's general programme.





*Ionad Cultúrtha Réigiúnach – Ealaíontóir Cónaithe Mantas*
Grianghraf: Declan Devlin

*RCC Artist in Residence Mantas Poderys*
*Photograph: Declan Devlin*

## Ealaíontóirí Óga an Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh

Sheol an tIonad Cultúrtha Réigiúnach clár rannpháirtíochta náisiúnta ar líne do leanaí ar an 13 Márta 2020. Fuair an clár seo, dar teideal *Ionad Cultúrtha Réigiúnach do Leanaí*, tacaíocht ollmhór náisiúnta agus idirnáisiúnta le teaghlaigh ag glacadh páirt i 'ndúshláin chruthaitheacha' laethúla agus ag cur saothair ar taispeáint ar leathanach meáin shóisialta an Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh le haghaidh páistí.

Ghlac breis agus 5,000 leanbh ó ar fud na hÉireann páirt sa tionscadal *Ealaíontóirí Óga an Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh*, chomh maith le breis agus 1,000 duine óg ón Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe, an Astráil, an India, na hOileáin Fhilipíneacha, an Ostair, an Pholainn, an Bheilg, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Nua-Shéalainn, an Afraic Theas, an Ghearmáin, an Spáinn, Ceanada, an Ísiltír, Vítneam, an Eilbhéis, an Bhrasaíl, an Bhanglaidéis, an Nigéir, an Eigipt, Maenmar, an Mhalaeisia, an Téalainn, Neipeal, Hong Cong, an Fhionlainn, Beinin, Catar, an tSualainn, Singeapór, an tSlóvaic, an Mholdóiv, Málta, an Iodáil, Meicsiceo, an Iorua, Peiriú, an Tuirc, Poblacht na Seice agus Iosrael.

"Bhí ról lárnach ag an Ionad Cultúrtha Réigiúnach le cnuasach suntasach d'iarrachtaí cruthaitheacha a chomhroinnt, a chuir siamsaíocht bhríomhar ar fáil mar rogha ar an sruth de dhrochnuacht nach bhféadfaí a sheachaint."

Suirbhé ar Chustaiméirí an Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh, 2020

## RCC Young Artists

The RCC launched a national online engagement programme for children on 13 March 2020. This programme, titled *RCC for Kids*, received huge national and international support with families partaking in daily 'creative challenges' and exhibiting work on the RCC's social media children's group.

Over 5,000 children from throughout Ireland took part in the *RCC Young Artist* project, as well as over 1,000 young people from the United Kingdom, United States, Australia, India, Philippines, Austria, Poland, Belgium, United Arab Emirates, New Zealand, South Africa, Germany, Spain, Canada, Netherlands, Vietnam, Switzerland, Brazil, Bangladesh, Nigeria, Egypt, Myanmar, Malaysia, Thailand, Nepal, Hong Kong, Finland, Benin, Qatar, Sweden, Singapore, Slovakia, Moldova, Malta, Italy, Mexico, Norway, Peru, Turkey, Czech Republic and Israel.

"The Regional Culture Centre played a pivotal role in sharing a significant body of creative endeavours that provided an enlightened and uplifting distraction to the flow of bad news that was unavoidable."

RCC Customer Survey, 2020

*'Oidis le haghaidh Tubaistí' – Ionad Cultúrtha Réigiúnach – Leabhar Oideas Dianghlasála do Pháistí arna mhaoiniú ag Éire Ildánach*
Grianghraf: Lisa Gildea

*'Recipes for Disasters' – RCC For Kids Lockdown Recipe Book funded by Creative Ireland*
Photograph: Lisa Gildea



# RECIPES FOR DISASTERS






*Peadar McDaid*
Grianghraf: Jeremy Howard

*Peadar McDaid*
Photograph: Jeremy Howard

## Na hAmharcealaíona

Cé gur fhág srianta paindéime nár ceadaíodh do ghailearaithe a bheith ar oscailt don phobal ach ar feadh cúig mhí den bhliain, rinne an tIonad Cultúrtha Réigiúnach deimhin de gur cuireadh clár ealaíon ar ardchaighdeán sna hamharcealaíona i láthair do na míonna sin, ina raibh ealaíontóirí áitiúla agus idirnáisiúnta i sraith de sheónna aonair agus grúpa.

Cuireadh trí thaispeántas ar scála mór ar siúl i nGailearaí 1 den Ionad Cultúrtha Réigiúnach le linn 2020.

1. The Yalta Game – curtha le chéile ag Declan Sheehan agus leis na healaíontóirí Susan MacWilliam, Myrid Carten agus saothair stairiúla le James Glass.
2. Over Nature – curtha le chéile ag Valeria Ceregini agus le saothar le Shane Finan, Beata Piekarska-Daly, Mary O'Connor, Louis Haugh, Guillaume Combal agus Kathy Herbert.
3. PLASTIC – curtha le chéile ag Gailearaí Eolaíochta Bhaile Átha Cliath, agus le saothar ó bhreis agus 20 ealaíontóir agus dearthóir, idir Éireannach agus idirnáisiúnta.

Inár spásanna i nGailearaí 2 agus san fhorhalla bhí taispeántais aonair ó na healaíontóirí Sasanacha Sarah Lewtas agus Liz Doyle atá lonnaithe i nDún na nGall, agus ó na mór-ealaíontóirí Peadar McDaid agus Philip Mackey as Leitir Ceanainn.

## Visual Arts

Although pandemic restrictions meant that galleries were only permitted to be open to the public for five months of the year, the RCC ensured that a high-quality physical visual arts programme was presented for these months, featuring international and leading local artists in a series of solo and group shows.

Three large-scale exhibitions were produced in RCC Gallery 1 during 2020.

1. The Yalta Game – curated by Declan Sheehan and featuring artists Susan MacWilliam, Myrid Carten and historic works by James Glass.
2. Over Nature – curated by Valeria Ceregini and featuring work by Shane Finan, Beata Piekarska-Daly, Mary O'Connor, Louis Haugh, Guillaume Combal and Kathy Herbert.
3. PLASTIC – curated by Science Gallery Dublin, and featuring work by over 20 Irish and international artists and designers.

Our Gallery 2 and Foyer spaces hosted solo exhibitions from Donegal based English artists Sarah Lewtas and Liz Doyle, and leading Lettekenny artists Peadar McDaid and Philip Mackey.

## Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall (DMEP)

Tá DMEP lonnaithe san Ionad Cultúrtha Réigiúnach, agus oibríonn an dá eagraíocht go dlúth le chéile, lena n-áirítear an comhléiriú de cheolchoirmeacha san Ionad Cultúrtha Réigiúnach agus ceardlanna a éascú chun dul in éineacht le sraith ceolchoirmeacha Music Network. Is é DMEP is cúis le codán suntasach de ghníomhaíochtaí an Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh, lena n-áirítear ranganna rialta seachtainiúla agus cleachtaí do ghrúpaí éagsúla óige agus aosach. Le linn na srianta COVID-19, bogadh na ranganna seo go hardáin ar líne.

## Donegal Music Education Partnership (DMEP)

The DMEP is based in the RCC, and the two organisations work closely together, including the joint promotion of RCC concerts and the facilitation of workshops to accompany the Music Network concert series. The DMEP account for a significant proportion of the RCC's activities, including regular weekly classes and rehearsals for various youth and adult ensembles. During COVID-19 restrictions, these classes were moved to online platforms.



*Victor agus Orsi – Ionad Cultúrtha Réigiúnach - Teagascóirí Ceoil*
Grianghraf: Declan Devlin

*Victor & Orsi – RCC Music Tutors*
Photograph: Declan Devlin

# Ionad Cultúrtha Réigiúnach – Tionscadail Peace IV

### Scéalta ó na Trioblóidí:

Tionscadal Faisnéise agus Meán ina raibh Leanaí agus Seantuismitheoirí ón dá thaobh den Teorainn.

B'fhéidir go raibh neart dianghlasálacha againn agus iliomad srianta ach níor chuir sé cosc ar pháistí scoile ó ar fud Dhún na nGall, Doire agus Tír Eoghain páirt a ghlacadh i seisiúin oiliúna spraíúla agus oideachasúla ar líne leis na hoiliúnaithe meán Póca Productions as Dún na nGall. Chlúdaigh na ceardlanna foghlaim conas úsáid a bhaint as fóin chliste, taibléid agus iPads mar cheamaraí físeáin, clár scéalta a chruthú dá scannáin, amharc ar theicnící agallaimh agus neart scileanna tábhachtacha eile a d'fhéadfadh cuidiú leo gairmeacha a fháil amach anseo i dtionscal na scannán.

Thug na ceardlanna seo spreagadh fosta do na rannpháirtithe agallaimh a thaifeadadh lena seantuismitheoirí nó lena dtuismitheoirí agus cuimhní a ghabháil dá saol ag fás aníos san Iar-Thuaisceart le linn na dTrioblóidí. I ndiaidh na gceardlann, rinne an stiúrthóir scannán Keith O'Grady agus a fhoireann athagallaimh ghairmiúla le roinnt de na rannpháiirtithe agus anois tosóidh siad ar scannán faisnéise nua a dhéanamh leis na scéalta iontacha go léir.

Gheobhaidh an scannán faisnéise a chéad taispeáint ar líne i mí Feabhra mar chuid d'Fhéile Scannán Ráth Maoláin agus léirithe fisiciúla san Ionad Cultúrtha Réigiúnach, Leitir Ceanainn agus The Nerve Centre, Doire, a luaithe a cheadóidh srianta COVID-19.

# RCC Peace IV Projects

### Tales of the Troubles:

A Documentary and Media Project featuring Children and Grandparents from both sides of the Border.

We might have had multiple lockdowns and countless restrictions but it didn't stop school kids from across Donegal, Derry and Tyrone partaking in fun and educational online training sessions with Donegal media trainers Póca Productions. The workshops involved learning to use smartphones, tablets and iPads as video cameras, storyboarding their films, looking at interview techniques and plenty of other important skills that might lead to future successful careers in the film industry.

These workshops also encouraged participants to film interviews with their grandparents or parents and capture memories of their life growing up in the North West during the troubles. After the workshops, film director Keith O'Grady and his crew conducted professional follow up interviews with a number of participants and will now begin to make a new documentary film with all the amazing stories.

The documentary film will make its online premiere in February as part of Rathmullan Film Festival and physical screenings at the Regional Cultural Centre, Letterkenny and The Nerve Centre, Derry, once COVID-19 restrictions allow.

## Cónaí i nDún na nGall

Taispeántas ar líne & Foilseachán

Ceiliúradh ar phobail nua Dhún na nGall trí agallaimh, scéalta agus portráidí.

D'oibrigh an fhoireann tionscadail Cónaí i nDún na nGall le 25 duine a bhfuil naisc acu ar fud an domhain ach a chuir fúthu i nDún na nGall. Rinne na rannpháirtithe seo a scéalta a thaifeadadh agus d'oibrigh siad le grianghrafadóir an tionscadail Declan Devlin trí shrianta COVID-19 chun 'portráidí leac an dorais' a chruthú. Seolfar taispeántas ar líne agus leabhar foilsithe go luath in 2021.

## Living in Donegal

Online Exhibition & Publication

Celebrating the new communities of Donegal through interviews, stories and portraits.

The Living in Donegal project team have worked with 25 people with connections from all over the world but have made their home in Donegal. These participants have filmed their stories and worked with project photographer Declan Devlin through COVID-19 restrictions to create 'doorstep portraits'. An online exhibition and book publication will be launched in early 2021.

*Macola – Tionscadal "Cónaí i nDún na nGall"*
Grianghraf: Declan Devlin

*Macola – Living in Donegal Project*
Photograph: Declan Devlin





# Seirbhís Músaeim

Tríd an tSeirbhís Músaeim, déanann Comhairle Contae Dhún na nGall caomhnú agus ceiliúradh ar chuimhne choiteann an chontae agus a phobail trí dhéantáin a bhaineann le stair Dhún na nGall a chaomhnú, a chur ar taispeáint agus a léirmhíniú. Oibríonn an Músaem le raon leathan de dhaoine, grúpaí agus eagraíochtaí chun feabhas a chur ar an rochtain, agus rannpháirtíocht san oidhreacht agus chun ár n-oidhreacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chaomhnú.

# Museum Service

Through the Museum Service, Donegal County Council preserves and celebrates the collective memory of the county and its communities by preserving, displaying and interpreting artefacts related to the history of Donegal. The Museum works with a wide variety of individuals, groups and organisations to improve access to, and participation in, heritage and to promote and preserve our cultural inheritance.






*Robert Owen-Jones, Ceann an Mhisin agus Chargé D'Affaires, Ambasáid na hAstráile ar cuairt chuig an Mhúsaem, Márta 2020*
Grianghraf: Músaem Contae Dhún na nGall

*Visit to the Museum by Robert Owen-Jones, Head of Mission and Chargé D'Affaires, Australian Embassy, March 2020*
Photograph: Donegal County Museum

## Tionscadal CINE

Lean an Músaem dá obair ar an tionscadal *Connected Culture and Natural Heritage in a Northern Environment (CINE)*, comh-thionscadal oidhreachta digití idir comhpháirtithe as an Iorua, an Íoslainn, Éire agus Alba agus maoinithe ag an chlár *Northern and Arctic Periphery Programme (ERDF)*. San earrach, d'oibrigh an t-éascaitheoir Guy Barriscale le pobal Oileán Inse chun scéalta, íomhánna agus déantáin a bhailiú a bhaineann le stair an oileáin. Ag baint úsáide as an ábhar a bailíodh, agus i gcomhar lenár gcomhpháirtithe in Ollscoil Uladh, chruthaigh an Músaem www.inchheritage.org, taispeántas fíorúil a léiríonn stair agus oidhreacht Oileán Inse. I ndiaidh cás-staidéir, forbraíodh lámhleabhar dea-chleachtais do chomh-tháirgeadh dar teideal *Meitheal* coproductionguide.com. Le linn Seachtain na hOidhreachta, i mí Lúnasa, sheol an Músaem suíomh gréasáin nua www.virtualstcatherines.net a chuireann ar chumas daoine oidhreacht thógtha Shéipéal agus Reilig Chaitríona sna Cealla Beaga a shamhlú ó dhearcadh nua. Aschur eile ón tionscadal *CINE* is ea www.cinecommunities.org a chuireann sraith de threoracha 'ag tosú amach' do raon d'uirlisí digiteacha chun cuidiú le pobail a n-oidhreacht a chruthú agus a chur i láthair.

## CINE Project

The Museum continued its work on the *Connected Culture and Natural Heritage in a Northern Environment (CINE)* project, a collaborative digital heritage project between partners from Norway, Iceland, Ireland and Scotland and funded by the *Northern and Arctic Periphery Programme (ERDF)*. In the spring, facilitator Guy Barriscale worked with the community of Inch to gather stories, images and artefacts relating to the history of the island. Using the material collected, and in collaboration with our partners in Ulster University, the Museum created www.inchheritage.org, a virtual exhibition which showcases the history and heritage of Inch Island. Following this case study, a co-production best practice manual was developed entitled *Meitheal* coproductionguide.com. During Heritage Week, in August, the Museum launched a new website www.virtualstcatherines.net which allows people to visualise the built heritage of St Catherine's Church and graveyard in Killybegs from a new perspective. A further output of the *CINE* project is www.cinecommunities.org which provides a series of 'getting started' guides for a range of digital tools to assist communities in creating and presenting their heritage.

## Deich mBliana na gCéad Bliain

Rinne an Músaem leabhrán a scríobh agus a tháirgeadh ar an téama Deich mBliana na gCéad Bliain dar teideal *Ó Choimhlint go Deighilt: Dún na nGall 1919-1925*. Sa leabhrán scrúdaítear tionchar Chogadh na Saoirse, na Críochdheighilte agus an Chogaidh Chathartha ar dhaoine agus ar phobail i gContae Dhún na nGall. Tá sé ar fáil ar líne agus i gcóip chrua. Thug an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán tacaíocht don leabhrán faoin tionscnamh *Deich mBliana na gCéad Bliain 2012-2023*.

Guthanna ón am atá thart: - Tá 6 phíosa físe ghearra curtha le chéile ag Músaem Contae Dhún na nGall, an tIonad Cultúrtha Réigiúnach agus Seirbhís Oidhreachta agus Músaem Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin i gcomhar le *Dark Daughter Productions*, a leagann béim ar thaithí na mban ó chúlraí éagsúla le linn na tréimhse réabhlóidí (1919 -1925).

Tá tacaíocht fáighte ag na tionscadail seo ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán mar chuid de chomóradh *Deich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023*.

## Decade of Centenaries

The Museum wrote and produced a booklet on the theme of the Decade of Centenaries entitled *From Conflict to Division: County Donegal 1919-1925*. The booklet explores the impact of the War of Independence, Partition, and the Civil War on people and communities in County Donegal. It is available both online and in hard copy.

*Voices from the Past*: - Donegal County Museum, the Regional Cultural Centre and the Museum and Heritage Service of Derry City and Strabane District Council in association with *Dark Daughter Productions*, created six short video pieces highlighting the experiences of women from different backgrounds during the revolutionary period (1919-1925).

Both these projects were supported by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media under the *Decade of Centenaries 2012-2023 Initiative*.

## Tionscadal Reimagine le Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann

I rith na bliana, rinne an Músaem comhoibriú le hAmharclann an Ghrianáin agus leis an Ionad Cultúrtha Réigiúnach i Leitir Ceanainn ar *Reimagine*, tionscadal de chuid Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann, arna thacú leis an Chiste Náisiúnta Cruthaitheachta sa Chlár Éire Ildánach. Is éard is *Reimagine* clár ailtireachta agus deartha faoi stiúr an phobail, a thógann le chéile pobail áitiúla, ailtirí, dearthóirí agus pleanálaithe chun tionscadail a fhorbairt a chuirfidh feabhas ar an timpeallacht thógtha áitiúil. Mar chuid de *Reimagine Letterkenny*, cuireadh comharthaí sealadacha agus marcóirí bealaigh chun an nasc fisiciúil idir an Músaem, an Amharclann agus an tIonad Cultúrtha Réigiúnach a chur chun cinn. Beidh an fhorbairt amach anseo ar dhorchla cultúrtha a nascann na foirgnimh seo ina chuid den phróiseas máistirphleanála do Leitir Ceanainn, arna mhaoiniú tríd an Choiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí.

## Re-imagine Project with the Irish Architectural Foundation

Throughout the year, the Museum collaborated with An Grianán Theatre and the Regional Culture Centre (RCC) in Letterkenny on *Reimagine*, an Irish Architecture Foundation project, supported by the Creative Ireland Programme's National Creativity Fund. *Reimagine* is a community-led architecture and design programme, which brings together local communities, architects, designers and planners to develop projects which will enhance the local built environment. As part of *Reimagine Letterkenny*, temporary signage and way finding markers were installed to promote the physical linkage between the Museum, the Theatre and the RCC. The future development of a cultural corridor linking these buildings will also form part of the master planning process for Letterkenny, funded through the Urban Regeneration and Development Fund.

## Stair á Cruthú – Eispéiris COVID-19 Dhún na nGall a bhailiú

Sheol Rannán Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall an tionscadal, *Stair á Cruthú – Eispéiris COVID-19 Dhún na nGall a bhailiú*, chun scéalta faoin saol le linn na Paindéime COVID-19 a ghabháil, a dhoiciméadú agus a chaomhnú. Bhí an Rannán Cultúir ag iarraidh eispéiris laethúla faoin saol le linn na paindéime a ghabháil, ó raon leathan de dhaoine le jabanna éagsúla, róil phobail éagsúla agus suíomhanna teaghlaigh éagsúla. Iarradh ar an phobal a scéalta a roinnt i bhformáid ar bith amhail litreacha, dialanna, scríbhneoireacht chruthaitheach, líníocht, grianghraif agus dialanna físe. Bhí an Músaem ag lorg rudaí fosta a bhaineann le COVID-19 lena n-áirítear comharthaíocht PPE, póstaeir, bileoga etc.

## History in the Making - Collecting Donegal's COVID-19 experiences

The Culture Division of Donegal County Council launched the project, *History in the Making - Collecting Donegal's COVID-19 Experiences*, to capture, document and preserve stories of life during the COVID-19 Pandemic. The Culture Division sought to capture the first-hand everyday experiences of life during the pandemic, from a wide variety of people with different jobs, community roles and family situations. The public were asked to share their experiences in any format including letters, diaries, creative writing, drawings, photographs and video diaries. The Museum also requested objects that relate to COVID-19 including PPE signage, posters, leaflets etc.




*Ceardlanna scoile mar chuid den tionscadal Peace IV 'Macallaí Staire na nDeich mBliana', Feabhra 2020*
Grianghraf: Músaem Contae Dhún na nGall

*School workshops as part of the 'Peace IV Echoes of the Decade' project, February 2020*
Photograph: Donegal County Museum

## Taispeántais agus Imeachtaí

D'oscail an Músaem an taispeántas, *Iarnróid Chontae Dhún na nGall*, i mí Lúnasa, i gcomhar leis an tSeirbhís Cartlainne. Sa taispeántas scrúdaítear stair Iarnród Dhoire agus Loch Súilí, Iarnróid Chontae Dhún na nGall agus Iarnród Mór an Iarthuaiscirt, agus taispeántar grianghraif A.M. Davies, a thaistil ar na línte le linn na 1950í agus na 1960í. I mí Feabhra, d'óstáil an Músaem an taispeántas, Naming The Children, i gcomhar le Grúpa Cirt agus Síochána Ráth Bhoth, Grúpa Síochána Chonamara agus Iarshaighdiúirí ar son na Síochána in Éirinn. Eagraíodh ceardlann scoile leis an Choimeádaí Teicstílí Cohraic, Roberta Bacic agus mar chuid den tionscadal Peace IV *Echoes of the Decade*. I mí Feabhra, d'eagraigh an Músaem ceardlann do mhúinteoirí staire iarbhunscoile maidir le hacmhainní staire agus oidhreachta atá ar fáil sa Rannán Cultúir. Chuir an Músaem fáilte roimh Robert Owen-Jones, Ceann an Mhisin in Ambasáid na hAstráile, i mí an Mhárta. I mí na Nollag, sheol an Músaem an tionscadal *UnCover and ReDiscover Your Locality* i gcomhar le hIonad Saorálaithe Dhún na nGall. Spreagann an tionscadal na rannpháirtithe le fiosrú a dhéanamh faoin oidhreacht ina n-áit féin agus a bhfuil faighte amach acu a roinnt leis an Músaem. Chuir an Músaem lena bhfuil aige ar líne fosta i rith na bliana taispeántais agus ábhar oideachais ar raon d'ábhair. Is féidir rogha de nithe 3T ó bhailiúchán an Mhúsaeim a fheiceáil ar líne ar sketchfab.com/donegalcountymuseum.

## Exhibitions and Events

The Museum opened the exhibition, *The Railways of County Donegal*, in August, in association with the Archives Service. The exhibition explores the history of the Londonderry and Lough Swilly Railway, the County Donegal Railways and The Great Northern Railway, and features the photographs of A.M. Davies, who travelled the lines during the 1950s and 1960s. In February, the Museum hosted the exhibition, *Naming The Children*, in association with the Raphoe Justice & Peace Group, the Connemara Peace Group and Veterans for Peace Ireland. School workshops were held with Conflict Textiles Curator, Roberta Bacic and as part of the Peace IV *Echoes of the Decade* project. In February, the Museum organised a workshop for Post Primary History Teachers on the history and heritage resources available in the Culture Division. The Museum welcomed Robert Owen-Jones, Head of Mission at the Australian Embassy, in March. In December, the Museum launched the project *UnCover and ReDiscover Your Locality* in collaboration with the Donegal Volunteer Centre. The project encourages participants to explore the heritage of their own locality and share what they discover with the Museum. The Museum also augmented its online offering throughout the year including exhibitions and educational material on a variety of subjects. A selection of 3D objects from the Museum collection can be viewed online at sketchfab.com/donegalcountymuseum.

*Bun: 2ú Cathlán, Briogáid Uimh. 4, 1ú Rannán an Tuaiscirt, Caisleán na Finne (Lios Cúile/Cúil na gCuirridín) IRA*
*Grianghraf: Músaem Contae Dhún na nGall*

*Top: Castlefinn (Liscooley/Killygordon) 2nd Battalion, No 4 Brigade, 1st Northern Division, IRA*
*Photograph: Donegal County Museum*

*Barr: Saothar ealaíne a cruthaíodh le linn ceardlanna scoile le Coimeádaí Teicstílí Comhraic, Roberta Bacic*
*Grianghraf: Músaem Contae Dhún na nGall*

*Bottom: Art work produced during school workshops with Conflict Textiles Curator, Roberta Bacic*
*Photograph: Donegal County Museum*





## Colmcille 1500

Fuair Músaem Contae Dhún na nGall dhá dheontas ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán do thaispeántas chun Colmcille 1500 a cheiliúradh in 2021. Faoi scéim *Comhoibriú le Tuaisceart Éireann* na bliana 2020, bronnadh €15,000 mar pháirtmhaoiniú ar thaispeántas in 2021 a dhearadh agus a sheachadadh, i gcomhar le Seirbhís Músaeim Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin. Cuireadh tús leis an obair ar dhearadh agus forbairt an taispeántais, *Colmcille – Man & Myths*, a bheidh ar siúl sa Mhúsaem ó Mheán Fómhair 2021 go Feabhra 2022. D'éirigh leis an Mhúsaem fosta deontas a fháil faoi *Scéim na Músaem Réigiúnach* chun teicneolaíocht dhigiteach a cheannach is féidir a úsáid mar chuid den taispeántas ar Cholmcille.

## Colmcille 1500

Donegal County Museum was awarded two grants by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media towards an exhibition to celebrate Colmcille 1500 in 2021. Under the 2020 *Co-operation with Northern Ireland Scheme*, €15,000 was granted to part-fund the design and delivery of an exhibition in 2021, in association with Derry City and Strabane District Council's Museum Service. Work began on the design and development of the exhibition, *Colmcille – Man & Myths*, which will be hosted in the Museum from September 2021 to February 2022. The Museum was also successful in obtaining a grant under the *Regional Museums' Scheme* to purchase digital technology that can be incorporated within the Colmcille exhibition.



*Scoil Náisiúnta Fhearann Droichid, Baile an Droichid. Grianghraf bronnta ar an tSeirbhís Cartlainne in 2020*
Grianghraf: Seirbhís Cartlainne

*Frendraught National School Ballindrait. Photo donated to the Archives Service in 2020*
Photograph: Archives Service



# Seirbhís Cartlainne

Féachann an tSeirbhís Cartlainne le hoidhreacht cartlainne mhuintir Chontae Dhún na nGall a chaomhnú agus a dhéanamh inrochtana don ghlúin reatha agus do ghlúnta amach anseo. Déanann sé é seo trí bhailiúcháin phoiblí agus phríobháideacha a bhaineann le stair agus cultúr Dhún na nGall a shealbhú, a chatalógú, a chaomhnú agus a dhaingniú, agus trí rochtain phoiblí a sholáthar ar a cartlanna. Oibríonn an tSeirbhís Cartlainne i gcomhpháirt le neart grúpaí agus eagraíochtaí.

# Archives Service


The Archives Service seeks to preserve and make accessible the archival heritage of the people of County Donegal for present and future generations. It does this through the acquisition, cataloguing, conserving and secure storage of collections of public and private origin which relate to the history and culture of Donegal, and through the provision of public access to its archives. The Archives Service works in partnership with many groups and organisations.

## An Bailiúchán ar Líne maidir le hArd-Ghiúiré Dhún na nGall

De bharr COVID-19, bhí seomra taighde na gCartlann druidte ar feadh cuid mhór de 2020. Chun rochtain a mhéadú ar na bailiúcháin agus acmhainní is mó éileamh, rinne an tSeirbhís Cartlainne ábhar suntasach a uaslódáil ar a shuíomh gréasáin. Rinneadh Bailiúchán *Ard-Ghiúiré Dhún na nGall (1753 go 1898)*, an bailiúchán poiblí is sine sna Cartlanna, a úaslódáil agus cuireadh ar fáil é do lucht féachana domhanda ar líne. B'iad na *hArd-Ghiúiréithe* na comhlachtaí a tháinig roimh na húdaráis áitiúla nua-aimseartha agus bhí raon leathan d'fheidhmeanna poiblí acu, lena n-áirítear tógáil agus cothabháil ar bhóithre agus droichid phoiblí, íoclanna, tithe cúirte, scoileanna agus Príosún an Chontae. Áirítear sa *Donegal Grand Jury Archive* cuir i láthair, cuntais, miontuairiscí ar chruinnithe, comhfhreagras agus grianghraif. Is féidir an bailiúchán agus catalóg a fheiceáil saor in aisce ag:
www.donegalcoco.ie/culture/archives/donegalgrandjurydigitised.

## Donegal Grand Jury Collection Online

Due to COVID-19, the Archives research room was closed for much of 2020. In order to increase access to its most popular collections and resources, the Archives Service uploaded significant material onto its website. *The Donegal Grand Jury Collection* (1753 to 1898), the Archives' oldest public collection, was uploaded and became accessible to an online audience worldwide. *The Grand Juries* were the predecessor bodies of modern local authorities and had a wide variety of public functions, including construction and maintenance of public roads and bridges, dispensaries, courthouses, schools and the County Jail. *The Donegal Grand Jury Archive* includes presentments, accounts, minutes of meetings, correspondence and photographs. The collection and catalogue can be viewed free of charge at:
www.donegalcoco.ie/culture/archives/donegalgrandjurydigitised.




*Imleabhair cheangailte "Ard-Ghiúiré Dhún na nGall"*
Grianghraf: Seirbhís Cartlainne


*Donegal Grand Jury bound volumes*
Photograph: Archives Service

## Digitiú ar Bhailiúchán na gComhairlí Ceantair Tuaithe

Cruthaíodh deich gComhairle Ceantair Tuaithe (RDCanna) ar fud Chontae Dhún na nGall faoin Acht Rialtais Áitiúil 1898. Bhí siad freagrach as tithíocht áitiúil, bóithre, soláthar uisce, séarachas agus neart feidhmeanna eile. Tá tábhacht leis na miontuairiscí ar chruinnithe na RDCanna don staidéar ar Dheich mBliana na gCéad Bliain. Le maoiniú seachtrach ó Éire Ildánach agus Deich mBliana na gCéad Bliain, rinneadh leabhair na miontuairiscí RDC ó 1917 – 1925 a dhigitiú in 2020

## Digitization of Rural District Councils Collection

Ten Rural District Councils (RDCs) were created across County Donegal under the 1898 Local Government Act. They were responsible for local housing, roads, water supply, sewerage and many other functions. The minutes of meetings of the RDCs are significant for the study of the Decade of Centenaries. With Creative Ireland and Decade of Centenaries external funding, the RDC minute books from 1917 – 1925 were digitized in 2020.


1

DONEGAL RURAL DISTRICT COUNCIL.

LOCAL GOVERNMENT (IRELAND) ACT, 1898.

LABOURERS (IRELAND) ACTS, 1883 TO 1911.

MINUTES of Proceedings of the Rural District Council, acting as the Rural Sanitary Authority under the above-mentioned Acts, at a Meeting held on Saturday the 14 day of Feb. 1925

PRESENT—In the Chair— Mr C McDaid

Other Councillors— Mess. Hugh Cassidy J. Stevenson J Murphy M Gallagher J Downey Jms McDaid, A Gallagher P McCahill P. Maguire B Friel G McMenamin

29/1/25 Letter from the Ministry Local Government requesting to be furnished with particulars re. cottage reported by Councillor Jas Boyle on 13/3/24 Ref No. & date of Order. cost of Building, fencing etc Land Minute Cost of Building & fencing £127=10. Land £21 no applications recd Copy of Order marked *(Townland Letterfad) enclosed.

*Sliocht as leabhar miontuairiscí Chomhairle Ceantair Tuaithe Dhún na nGall, 1925*
Grianghraf: Mallon Technology

*Extract from Donegal Rural District Council minute book, 1925*
Photograph: Mallon Technology

## Peace IV: Macallaí na Staire

Cuireadh comhthionscadal idir na Cartlanna agus an Músaem, maoinithe ag Peace IV, dar teideal *The Echoes of the Decade*, faoin snáithe 'Caidreamh Dearfach a Fhorbairt' ar fáil in 2020. Áirítear leis rannpháirtíocht le daoine óga maidir le stair agus oidhreacht na mblianta réabhlóideacha in Éirinn, 1912 – 1923. I ndiaidh ceardlanna tosaigh le daltaí Idirbhliana sa Mhúsaem, bhí ar an tionscadal dul ar líne nó a sheachadadh ó chian nuair a druideadh na scoileanna ó lár mhí an Mhárta ar aghaidh. Rinne Alarnagh Barrett McGinley, a ceapadh mar chomhordaitheoir an tionscadail i mí Eanáir, acmhainní digiteacha a dhearadh agus a chur amach do mhúinteoirí agus scoláirí agus fosta bhunaigh sí an leathanach grúpa *Facebook: Macallaí Staire na nDeich mBliana*, ina raibh dúshláin bunaithe ar an stair. Rinneadh scéalta, aistí agus grianghraif a uaslódáil a bhain le stair na mbailte fearainn, na sráidbhailte agus na ndaoine i nDún na nGall:
www.facebook.com/groups/2638116699794668 Cuireadh foinsí, acmhainní, treoracha, ceistneoirí agus ceardlanna ar an tréimhse stairiúil seo le suíomh gréasáin na gCartlann ar:
www.donegalcoco.ie/culture/archives/education

I Meán Fómhair 2020, atosaíodh an tionscadal ó chian le daltaí bunscoile, le rannpháirtíocht rialta bheo. San áireamh bhí sraith de cheardlanna, cuir i láthair agus cainteanna le foireann na gCeardlann agus an Mhúsaeim, chomh maith le speisialtóirí seachtracha staire agus oidhreachta agus ealaíontóirí. Leanfaidh an tionscadal isteach go dtí an chéad chuid de 2021.

Mar chuid den tionscadal *Macallaí Staire na nDeich mBliana* rinneadh conradh leis an staraí béil gairmiúil Regina Fitzpatrick agallaimh a dhéanamh le 13 seanduine maidir le hoidhreacht dheich mbliana na gcéad bliain. Cuireadh an chuid seo den tionscadal *Macallaí* i gcrích i mí na Nollag 2020.

## Peace IV: The Echoes of the Decade

A joint Archives and Museum Peace IV funded project entitled *The Echoes of the Decade*, under the 'Building Positive Relations' strand, was rolled out in 2020. It includes engagement with young people on the history and legacy of Ireland's revolutionary years, 1912 – 1923. Following initial workshops with Transition Year students, the project had to go online or be delivered remotely following the closure of schools from mid-March. Alarnagh Barrett McGinley, appointed project coordinator in January, designed and rolled out digital resources for teachers and students and also set up the Facebook Group page: *Echoes of the Decade*, which involved history themed challenges. Stories, essays and photos were uploaded relating to the history of townlands, villages and people in Donegal: www.facebook.com/groups/2638116699794668
Sources, resources, guides, questionnaires and workshops on this historical period were added to the Archives website at:
www.donegalcoco.ie/culture/archives/education

In September 2020, the project resumed remotely with primary school students, with regular live engagement. This involved a series of workshops, presentations and discussions with Archives and Museum staff, as well as with external history and heritage specialists and artists. The project will continue into early 2021.

As part of the *Echoes of the Decade* project a professional oral historian, Regina Fitzpatrick, was contracted to carry out interviews with 13 older people on the subject of the legacy of the decade of centenaries. This part of the *Echoes* project was completed in December 2020.



*Samhail Lego de na Ceithre Cúirteanna trí thine i Meitheamh 1922, le Alarnagh Barrett McGinley*
Grianghraf: Alarnagh Barrett McGinley

*Model in lego of the Four Courts on fire in June 1922, by Alarnagh Barrett McGinley*
Photograph: Alarnagh Barrett McGinley

## An Rannán Cultúir - Ginealas

D'fhoilsigh an Músaem, an Leabharlann agus na Cartlanna *Your Donegal Family/Do Theaghlach Conallach*, treoir nua do na hacmhainní don ghinealas. Áirítear sa leabhrán sonraí faoi na foinsí cartlainne atá úsáideach do stair teaghlaigh agus stair áitiúil i nBailiúchán na gCartlann Contae agus ar líne.

## Culture Division Genealogy

Museum, Library and Archives published *Your Donegal Family/Do Theaghlach Conallach*, a new guide to the sources for genealogy. The booklet includes details of the archival sources which are useful for family and local history in the County Archives Collection and online.

## Paca Oideachais Colmcille

Mar chuid de Chomóradh Colmcille 1500, i gcomhar le Barta Heritage, rinne an tSeirbhís Cartlainne paca oideachais maisithe lena n-áirítear leabhrán agus bileoga oibre, as Béarla agus as Gaeilge, do bhunscoileanna, dar teideal *Colmcille: Beatha agus Oidhreacht*. Cuirfear amach é in 2021.

## Colmcille Education Pack

As part of the Colmcille 1500 Commemorations, the Archives Service with Abarta Heritage has produced an illustrated education pack including a booklet and worksheets, in English and Irish, for primary schools entitled *Colmcille: A Life and Legacy*. It will be rolled out in 2021.

## 21 Bliain á Cheiliúradh

Mar cheiliúradh ar 21 bliain, rinne an tSeirbhís Cartlainne sruthú beo ar chur i láthair dar teideal *21 Bliain: 21 Taisce Cartlainne le linn Sheachtain na hOidhreachta*, inar leagadh béim ar na príomhbhailiúcháin. Tá an cur i láthair seo ar fáil le feiceáil ar leathanach Facebook na gCartlann.
www.facebook.com/DonegalCountyArchives

## Celebrating 21 Years

To celebrate 21 years, the Archives Service live streamed a presentation entitled *21 Years: 21 Archival Treasures during Heritage Week*, highlighting key collections. This presentation is available to watch on the Archives Facebook page.
www.facebook.com/DonegalCountyArchives

## For-rochtain agus Oideachas

Cuireadh na pacaí oideachais maidir le *Teitheadh na nIarlaí agus Plandáil Uladh* ar fáil ar líne. Rinneadh cuir i láthair a tugadh do scoláirí na hIdirbhliana maidir le *Foinsí do Stair na hArdteistíméireachta* agus *Foinsí do Scoláirí Bunscoile agus Iar-Bhunscoile* a uaslódáil. Rinneadh cuir i láthair eile a uaslódáil amhail *Contae Dhún na nGall i 1916*: www.donegalcoco.ie/culture/archives/education.

Toisc nach raibh an tSeirbhís Cartlainne ábalta taisteal chuig grúpaí staire nó scoileanna don chuid ba mhó den bhliain seo, rinne an tSeirbhís roinnt cur i láthair ar líne saor in aisce YouTube (Cainéal Chomhairle Contae Dhún na nGall) maidir le bailiúcháin chartlainne agus téamaí staire.

- Stair Teaghlaigh i gCartlanna Contae Dhún na nGall: youtu.be/XamZk6S5aSc
- Ón Chliabhán go Cróchar: Club Sláinte Fhánada: youtu.be/tc6y-EDD8gc
- Faoiseamh do na Bochtáin: Teach na mBocht sna Gleannta: youtu.be/YapCJo1mk8c
- Dún na nGall agus an Chéad Dáil:
- youtu.be/-T7loa1iOPO
- An Saol i nDún na nGall 100 Bliain ó Shin: youtu.be/YapCJo1mk8c

Thug an cartlannaí cur i láthair (ar líne) maidir le digitiú ar na cartlanna ag seoladh an fheachtais *Scrúdaigh do Chartlann* de chuid an Chumainn Cartlann agus Taifead i mí na Samhna agus ghlac páirt san fheachtas féin trí Twitter agus Facebook. Thug an cartlannaí cur i láthair do ghrúpa Staire Bhealach Féich agus Srath an Urláir i mí Eanáir.

## Outreach and Education

The *Flight of the Earls and Ulster Plantation* educational packs were made accessible online. Presentations given to Transition Year students on *Sources for Leaving Cert History and Sources for Primary and Secondary* school students were uploaded. Other presentations were uploaded such as County Donegal in 1916: www.donegalcoco.ie/culture/archives/education.

As the Archives Service was unable to travel to history groups or schools for most of this year, the Service produced a number of free online YouTube (Donegal County Council Channel) presentations on archival collections and historical themes.

- Family History in Donegal County Archives: youtu.be/XamZk6S5aSc
- From the Cradle to the Grave: Fanad Health Club: youtu.be/tc6y-EDD8gc
- Relief of the Destitute Poor: Glenties Workhouse: youtu.be/YapCJo1mk8c
- Donegal and the First Dáil: youtu.be/-T7loa1iOPO
- Life in Donegal 100 Years Ago: youtu.be/YapCJo1mk8c

The archivist gave a presentation (online) on the subject of digitisation of its archives to the Archives & Records Association *Explore Your Archive Campaign* launch in November and took part in the campaign itself via Twitter and Facebook. The archivist gave a presentation to the Ballybofey & Stranorlar History group in January.

## Daonlathas agus Athrú: Toghcháin Áitiúla 1920

Chuaigh Cartlanna Contae Dhún na nGall agus cartlanna áitiúla eile i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta chun leabhrán cuimhneacháin a chruthú ar na toghcháin áitiúla stairiúla in 1920. Leis an teideal *Daonlathas & Athrú: Toghcháin Áitiúla 1920 in Éirinn*, scrúdaítear ann téamaí amhail ionadaíocht chionmhar; torthaí toghcháin; Cogadh na Saoirse; ról na mban; agus daoine cáiliúla a toghadh.

Tagann cuid mhór de na híomhánna ó Bhailiúchán Chartlanna Contae Dhún na nGall. Tá sé ar fáil le feiceáil as Gaeilge agus as Béarla ag: www.donegalcoco.ie/culture/archives/publications/

## Democracy & Change: The 1920 Local Elections

Donegal County Archives and other local archives collaborated with the Department of Housing, Local Government & Heritage to produce a commemorative booklet on the historic 1920 local elections. Entitled *Democracy & Change: The 1920 Local Elections/Daonlathas & Athrú: Toghcháin Áitiúla 1920 in Éirinn*, it explores themes such as proportional representation; election results; the War of Independence; the role of women; and famous people who were elected.

Many of the images are from Donegal County Archives' Collection. It is available to view in Irish and English at: www.donegalcoco.ie/culture/archives/publications/

## Sealbhuithe, Catalóga agus Seirbhísí

I measc na sealbhuithe in 2020 bhí bailiúcháin bhunscoile; albam grianghraf ón 19ú haois a bhaineann le Lord George Hill agus a mhuintir; doiciméid an nádúraí D.J. O'Sullivan; póstaeir as olltoghchán 1918, doiciméid maidir le céibh na nDúnaibh; agus *Trials of Omagh, Lifford and Londonderry Summer Assizes, 1813*. I measc na mbailiúchán a ndearnadh catalógú orthu bhí: Coiste Éigeandála Pharóiste Chluain Lao, muintir Orr agus Cochrane as an Srath Bán agus Leifear; agus páipéir Dennis Phelan, chomh maith le roinnt bailiúchan scoile.

Chuidigh an tSeirbhís Cartlainne le daoine lena dtaighde i rith na bliana agus tugadh cur síos ar an tseirbhís ar chlár Nationwide RTÉ i Meán Fómhair 2020.

## Acquisitions, Catalogues and Services

Among the acquisitions in 2020 were primary school collections; a 19th century photograph album relating to Lord George Hill and family; documents of the naturalist D.J. O'Sullivan; posters from the 1918 general election, documents on Downings pier; and *Trials of Omagh, Lifford and Londonderry Summer Assizes, 1813*. Among the collections catalogued were: the Clonleigh Parish Emergency Committee, the Orr and Cochrane families of Strabane and Lifford; and the Dennis Phelan papers, as well as a number of school collections.

The Archives Service assisted people with their research during the year and the service was featured on RTE's Nationwide programme in September 2020.




# Daonlathas agus Athrú

## Na Toghcháin Áitiúla de 1920 in Éirinn

*Clúdach an leabhráin, 'Daonlathas & Athrú: Toghcháin Áitiúla 1920 in Éirinn'*
Grianghraf: Seirbhís Cartlainne

*Cover of booklet, 'Daonlathas & Athrú: Toghcháin Áitiúla 1920 in Éirinn'*
Photograph: Archives Service

# Oifig Oidhreachta

Is é ról Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall feasacht a mhúscailt, comhairle a chur ar dhaoine, sonraí a bhailiú agus an dea-chleachtas a chur chun cinn maidir lenár n-oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha. Déanann sí maoirseacht ar chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta an Chontae i gcomhpháirtíocht leis an Fhóram Oidhreachta Contae.

# Heritage Office

The role of the County Donegal Heritage Office is to raise awareness, provide advice, collect data, develop policy and promote best practice in relation to our cultural, built and natural heritage. It oversees the implementation of the County Heritage Plan, in partnership with the County Heritage Forum.



Tá reilig stairiúil Chill Uí Dhónaill ar cheann de 50 reilig stairiúil faoi chúram Chomhairle Contae Dhún na nGall agus faoi chosaint na nAchtanna um Shéadchomharthaí Náisiúnta (1930-2004). Rinne Comhairle Contae Dhún na nGall coimisiúnú ar thuairisc chaomhnaithe ar an struchtúr faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail á bhainistiú ag an Oifig Oidhreachta agus an Oifig Caomhnaithe
Grianghraf: Joseph Gallagher

Killydonnell historic graveyard is one of 50 historic graveyards in the care of Donegal County Council and protected under the National Monuments Acts (1930-2004). Donegal County Council commissioned a conservation report on the structure under the Community Monuments Fund managed by the Heritage Office and Conservation Office
Photograph: Joseph Gallagher



## Tionscnamh na mBailte Stairiúla

Bhí rath ar iarratas Chomhairle Contae Dhún na nGall do Ráth Mealtain do Thionscnamh na mBailte Stairiúla agus fuarthas maoiniú €290,000 ón Chomhairle Oidhreachta agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. D'ullmhaigh agus bhainistigh an tOifigeach Oidhreachta agus an tOifigeach Caomhnaithe an tionscnamh, i gcomhpháirtíocht le Cumann Seoirseach Ráth Mealtain, Dedalus Architecture agus úinéirí agus cónaitheoirí áitiúla. Thug an tionscnamh tacaíocht d'oibreacha caomhnaithe ar 14 áitreabh stairiúil ar Shráid an Chaisleáin, An Lána Cúil, Cros an Mhargaidh agus Sráid an Droichid, a d'áirigh deisiúcháin ar dhíonta agus simléir, earraí iarainn uisce báistí, saisfhuinneoga agus doirse a ath-shuiteáil, rindreáil aoil, deisiúchán ar aghaidheanna siopaí stairiúla ag baint úsáide as ábhair thraidisiúnta agus bunaithe ar an dea-chleachtas caomhnaithe.

Ag Gradaim Institiúid Pleanála na hÉireann i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra 2020, bhuaigh *Tionscnamh na mBailte Stairiúla* do Lána an tSéipéil, Leitir Ceanainn (2019) an Gradam do *Thionscadal Ardmholta an Uachtaráin*. Comhpháirtíocht tras-stiúrthóireachta ab ea an tionscnamh idir an Oifig Oidhreachta agus an Oifig Caomhnaithe, i gcomhpháirtíocht le Coiste Cheantar Ardeaglaise Leitir Ceanainn, Dedalus Architecture agus úinéirí áitreabh. Cuireadh eispéireas Thionscnamh na mBailte Stairiúla ar Lána an tSéipéil i láthair ag an cheardlann náisiúnta do Thionscnamh na mBailte Stairiúla i mí Eanáir.

## Historic Towns Initiatives

Donegal County Council's application for Ramelton to the *Historic Towns Initiative* was successful and was awarded €290,000 in funding from The Heritage Council and the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht. The initiative was prepared and managed by the Heritage Officer and the Conservation Officer, in partnership with the Ramelton Georgian Society, Dedalus Architecture and local owners and residents. The initiative supported conservation works to 14 historic properties along Castle Street, Back Lane, the Market Cross and Bridge Street, that included roof and chimney repairs, installation of cast-iron rainwater goods, reinstatement of timber sash windows and doors, application of lime render, the repair of historic shopfronts using traditional materials and informed by best conservation practice.

At the Irish Planning Institute Awards in Dublin in February 2020, the *Historic Towns Initiative* for Church Lane, Letterkenny (2019) won the *President's Highly Commended Project Award*. The initiative was a cross-directorate partnership between the Heritage Office and Conservation Office, in partnership with the Letterkenny Cathedral Quarter Committee, Dedalus Architecture and property owners.  The Historic Towns Initiative experience on Church Lane was presented at the Historic Towns Initiative national workshop in January.

*Ag glacadh le Gradam an Uachtaráin do Thionscadal Ardmholta ag Gradaim Institiúid Pleanála na hÉireann san Óstán Westin, Baile Átha Cliath, Déardaoin an 27 Feabhra tá ó chlé go deas): Lee Gooch (Cumann Cónaitheoirí Lána an tSéipéil Íochtarach), Joseph Gallagher (Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Dhún na nGall), Duncan McLaren (Ailtire Caomhnaithe, Dedalus Architecture), Jo McMenamin (Oifigeach Riaracháin, Comhairle Contae Dhún na nGall), Joe Corr (Uachtarán, Institiúid Pleanála na hÉireann), Collette Beattie (Oifigeach Caomhaithe, Comhairle Contae Dhún na nGall) and Donnan Harvey (Rúnaí, Coiste Cheantar Ardeaglais Leitir Ceanainn)*
Grianghraf: Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

*Receiving the President's Highly-Commended Project Award at the Irish Planning Institute Awards in the Westin Hotel, Dublin on Thursday, February 27 are (from left to right): Lee Gooch (Lower Church Lane Residents' Association), Joseph Gallagher (Heritage Officer, Donegal County Council), Duncan McLaren (Conservation Architect, Dedalus Architecture), Jo McMenamin (Administrative Officer, Donegal County Council), Joe Corr (President, Irish Planning Institute), Collette Beattie (Conservation Officer, Donegal County Council) and Donnan Harvey (Secretary, Letterkenny Cathedral Quarter Committee)*
Photograph: County Donegal Heritage Office




*I láthair ag na Gradaim Náisiúnta Oidhreachta in Acadamh Ríoga na hÉireann i mBaile Átha Cliath Déardaoin an 6 Feabhra bhí (ó chlé go deas): James Breslin & Carol Ann Webb (Rosses Radio agus buaiteoirí an ghradaim 'Pobail Oidhreachta'), Anne Cassin (craoltóir agus comhláithreoir RTÉ Nationwide), Vincent Breslin (buaiteoir an ghradaim 'Oidhreacht Cheilte') agus Joseph Gallagher (Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Dhún na nGall)*
*Grianghraf: An Chomhairle Oidhreachta*

*Pictured at the National Heritage Awards in the Royal Irish Academy in Dublin on Thursday, February 6 are (from left to right): James Breslin & Carol Ann Webb (Rosses Radio and winner of the 'Heritage Communities' Award), Anne Cassin (broadcaster and co-presenter of RTÉ Nationwide), Vincent Breslin (winner of the 'Hidden Heritage' Award) and Joseph Gallagher (Heritage Officer, Donegal County Council)*
Photograph: The Heritage Council





*Leis an Scéim Deontais do Dheisiú Tithe Ceann Tuí cuidítear le deisiúcháin riachtanacha ar thithe ceann tuí chun ligean do dhaoine leanúint ag cónaí i dtithe ceann tuí ar nós an tsampla seo de theach feirme le ceann tuí rópa i nDruim Ghormáin i ndeisceart Dhún na nGall*
Grianghraf: Joseph Gallagher

*The award-winning Thatch Repair Grant Scheme allows for essential repairs to thatched roofs in order to allow people to continue to live under thatch such as this example of a rope-thatch extended farmstead from Drimgorman in south Donegal*
Photograph: Joseph Gallagher

## Scéim Deontais um Dheisiú Tithe Ceann Tuí

Bhuaigh *Scéim Deontais um Dheisiú Tithe Ceann* Tuí de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall an gradam ó Chumainn Tráchtála Éireann Barr Feabhais sa *Rialtas Áitiúil* sa chatagóir 'Oidhreacht agus Timpeallacht Thógtha' i mí na Samhna. Tugann an gradam aitheantas don tionscnamh údaráis áitiúil is fearr le suim agus eolas an phobail a chur chun cinn sa tsuim, meas agus caomhnú ar oidhreacht áitiúil. Déanann an Oifig Oidhreachta agus an Oifig Caomhnaithe bainistiú ar an scéim tras-stiúrthóireachta le comhairle speisialta a chur ar úinéirí maidir leis an chaomhnú ar thuí agus le maoiniú a dháileadh ar dheisiúcháin ar scála beag ar thithe ceann tuí faoi mhaoirsiú caomhnaithe. Cuireadh suim mhór sa scéim arís i mbliana agus tugadh tacaíocht do 26 tionacadal le tithe ceann tuí a dheisiú.

## Thatch Repair Grant Scheme

Donegal County Council's *Thatch Repair Grant Scheme* won the Chambers Ireland *Excellence in Local Government Award* in the 'Heritage and Built Environment' category in November. The award recognises the best local authority initiative to promote public interest in, and knowledge, appreciation and protection of local heritage. The Heritage Office and the Conservation Office manages the cross-directorate scheme to provide specialist advice to owners on the conservation of thatch and to allocate funding for small-scale thatch repairs under conservation supervision. The public response to the scheme has been overwhelming again this year and the scheme has supported 26 thatch repair projects.

## Tacú leis an Oidhreacht Thógtha & Seandálaíochta

Mar chuid de chur i bhfeidhm *Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall* agus an *clár Éire Ildánach*, thug an Oifig Oidhreachta coimisiún don Dr. Breandán Mac Suibhne tabhairt faoi staidéar ar 'The Laurels' – teach mháthair an drámadóra Brian Friel sna Gleannta – chun an foirgneamh a shuíomh ina chomhthéacsanna sóisialta, cultúrtha agus stairiúla. I gcomhar le hIontabhas Brian Friel, thacaigh an Oifig Oidhreachta leis an chaomhnú agus deisiúchán ar na saisfhuinneoga agus doirse ag The Laurels. Fuarthas maoiniú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi *Chiste na Séadchomharthaí Pobail*, á bhainistiú ag an Oifig Caomhnaithe agus an Oifig Oidhreachta, d'oibreacha caomhnaithe ar Mhainistir Ráth Maoláin, plean caomhnaithe do Mhainistir Chill Uí Dhónaill agus do thionscadal taighde agus monatóireachta ar Leac Croise Naomh Múra, Fathain, Mar chuid de chur i bhfeidhm *Phlean Oidhreachta an Chontae*, chuir an Oifig Oidhreachta páirt-mhaoiniú ar fáil do *Phlean Caomhnaithe Bhéal Átha Seanaidh* agus tuairiscí caomhnaithe ar Chill agus reilig Naomh Náille in Inbhear agus an 'Droichead Adhmaid' i nDún Lúiche.

## Supporting Built & Archaeological Heritage

As part of the implementation of the *County Donegal Heritage Plan* and the *Creative Ireland programme*, the Heritage Office commissioned Dr. Breandán Mac Suibhne to undertake a study of 'The Laurels' – playwright Brian Friel's mother's home in Glenties – to place the building in its social, cultural and historical contexts. In association with the Brian Friel Trust, the Heritage Office supported the conservation and repair of The Laurels' timber sash windows and doors. Funding was provided by the Department of Housing, Local Government and Heritage under the *Community Monuments Fund*, managed by the Conservation Office and the Heritage Office, for conservation works to Rathmullan Abbey, a conservation plan for Killydonnell Friary and for a research and monitoring project on St. Mura's Cross Slab, Fahan. As part of the implementation of the County Heritage Plan, the Heritage Office provided part-funding for the *Ballyshannon Conservation Plan* and conservation reports on St. Naul's Church and graveyard in Inver and the 'Wooden Bridge' in Dunlewey.



*'B'é 'The Laurels' sna Gleannta an áit ina raibh cónaí ar mháthair an drámadóra Brian Friel agus is é an teach agus na daoine a chónaigh ann a bhí mar ionsparáid dá dhráma 'Dancing at Lughnasa'. Rinne an Rannán Cultúir coimisiúnú ar oidhreacht thógtha, stair agus naisc litríochta an tí*
Grianghraf: Joseph Gallagher

*The Laurels' in Glenties was playwright Brian Friel's mother's home and the house and its inhabitants were the inspiration for his play 'Dancing at Lughnasa'. The Culture Division commissioned research into the built heritage, history and literary associations of the house*
Photograph: Joseph Gallagher

## Oideachas agus Feasacht

Thug an Chomhairle Oidhreachta, i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Oidhreachta agus le hIonad Oideachais Dhún na nGall, cuireadh do bhreis agus 70 bunscoil i gContae Dhún na nGall páirt a ghlacadh sa tionscadal píolótach nua don *Chlár Fíorúil Oidhreachta i Scoileanna* – clár fíorúil ocht seachtaine de sheisiúin réamhthaifeadta agus idirghníomhacha beo maidir le gnéithe den oidhreacht do leanaí agus múinteoirí. Mar chuid de Wainfest, agus i gcomhar le Seirbhís Leabharlainne an Chontae, thug an Oifig Oidhreachta urraíocht do Éanna Ní Lamhna gabháil do cheardlanna *Gnáthóga Ildánacha* do Leanaí thar thréimhse ceithre seachtaine i mí na Samhna. Mar ullmhúchán do chomóradh 1,500 bliain ó rugadh Naomh Colmcille in 2021, rinne an Oifig Oidhreachta coimisiúnú ar threoir fuaime oidhreachta 50-nóiméad dar teideal *St. Colmcille's Donegal: a journey through his homeland*, agus leabhar dathúcháin bunaithe ar bheatha Cholmcille agus ar oidhreacht Cholmcille i gContae Dhún na nGall.

Bhí *Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta* ann ó 15-23 Lúnasa agus, d'ainneoin na paindéime COVID-19, tugadh faoi 35 tionscadal oidhreachta i gContae Dhún na nGall. Is iad an Chomhairle Oidhreachta agus Oifigí Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil a dhéanann comhordú ar Sheachtain na hOidhreachta. Ag na Gradaim Oidhreachta Náisiúnta 2020 i mí Dheireadh Fómhair, bhain trí ghrúpa oidhreachta lonnaithe i nDún na nGall gradaim náisiúnta, agus i mí Feabhra, bhain dhá ghrúpa oidhreachta lonnaithe i nDún na nGall gradaim náisiúnta ag Gradaim Náisiúnta na hOidhreachta 2019.

## Education & Awareness

The Heritage Council, in partnership with the Heritage Office and the Donegal Education Centre, invited over 70 primary schools in County Donegal to participate in the new national pilot for the *Heritage in Schools Virtual Programme* - a virtual eight-week programme of pre-recorded and live interactive sessions on aspects of heritage for children and teachers. As part of Wainfest, and in association with the County Library Service, the Heritage Office sponsored Éanna Ní Lamhna to undertake virtual *Creative Habitats* Workshops for Children over a four-week period in November. In preparation for the 1,500th commemoration of the birth of St. Colmcille in 2021, the Heritage Office commissioned a 50-minute audio heritage guide entitled *St. Colmcille's Donegal: a journey through his homeland*, and a colouring book based on the life of Colmcille and Columban heritage in County Donegal.

*National Heritage Week* took place from 15-23 August, and despite the COVID-19 pandemic, 35 heritage projects were undertaken in County Donegal. Heritage Week is coordinated by The Heritage Council and Local Authority Heritage Officers. At the National Heritage Awards 2020 in October, three Donegal-based heritage groups won national awards, and in February, two Donegal-based heritage groups won national awards at the National Heritage Awards 2019.

## Tionscnaimh Fhiadhúlra agus Bhithéagsúlachta

Fuair Comhairle Contae Dhún na nGall maoiniú €27,841 ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi mhaoiniú don *Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta* d'údaráis áitiúla do (i) an dara bliain de thionscadal *Cuirliún Pórúcháin na hÉireann a Rianadh le Cairde Éanlaith Éireann*, (ii) measúnú agus mapáil gnáthóg ar 20 reilig stairiúil atá faoi chaomhnóireacht Chomhairle Contae Dhún na nGall; agus (iii) leabhrán a thairgeadh dar teideal *Wildlife in Buildings* i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Chiarraí agus Cairde Éanlaith Éireann. I gcomhpháirtíocht leis an Oifig Oidhreachta, lean Cairde Éanlaith Éireann den rialú ar Fheannóga chun an Pilibín Pórúcháin a chaomhnú ar Thoraigh.

Cuireadh fáilte iontach mór roimh leabhrán saor in aisce dar teideal *Garraíodóireacht don Bhithéagsúlacht*, a d'fhoilsigh Oifigí Oidhreachta Údarás Áitiúil. Sa leabhrán saoir in aisce ina bhfuil 40 leathanach, a scríobh Juanita Browne agus a mhaisigh Barry Reynolds, tugtar sonraí faoi thionscadail agus gníomhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh chun cuidiú le gach cineál fiadhúlra. Mar chuid den Oíche Chultúir agus cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta an Chontae, rinne an Rannán Cultúir sraith de chúig físeán cúig nóiméad dar teideal *An Bhithéagsúlacht i do Ghairdín Cúil* a bhaineann úsáid as saineolas áitiúil agus taithí na speisialtóirí oidhreachta nádúrtha agus díograiseoirí i gContae Dhún na nGall lena gcomhairle a roinnt maidir lenár ngairdíní, spásanna glasa nó bailte a dhéanamh níos fearr don fhiadhúlra. Tá na físeáin ar fáil ar shuíomh gréasáin YouTube Chomhairle Contae Dhún na nGall:
www.youtube.com/user/wwwdonegalcocoie

Lean Oifigí Oidhreachta agus Oifigí Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta den urraíocht ar an ghradam bliantúil *Gradam Pailneoirí na nÚdarás Áitiúla* mar chuid de *Chomórtas na nBailte Slachtmhara* le grúpaí áitiúla a spreagadh le gníomhartha a dhéanamh a chuidíonn le pailniú ina mbailte agus sráidbhailte. I mí na Bealtaine, thug an Oifig Oidhreachta faoi fheachtas bithéagsúlachta ceithre seachtaine ar an raidió dar teideal *Connecting People & Nature* ar Ocean FM agus Highland Radio, i gcomhpháirtíocht le hOifigí Oidhreachta Chomhairle Contae Shligigh agus Chomhairle Contae Liatroma. Thug Oifigí Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil tacaíocht fosta do *Stories from the Waterside* – comórtas scéalaíochta á reáchtáil ag *Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil*.



*Déanann George McDermott, Garraíodóir Bhaile Bhun Cranncha, Comhairle Contae Dhún na nGall, an tráchtaireacht ar cheann de na físeáin 'Biodiversity in Your Back Garden'*
Grianghraf: Comhairle Contae Dhún na nGall

*George McDermott, Buncrana Town Gardener, Donegal County Council narrates one of the 'Biodiversity in Your Back Garden' videos*
Photograph: Donegal County Council



## Wildlife and Biodiversity Initiatives

Donegal County Council secured €27,841 in funding from the National Parks and Wildlife Service of the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht under the *National Biodiversity Action Plan* funding for local authorities for (i) the second year of a Tracking Irish Breeding Curlew project with BirdWatch Ireland, (ii) habitat assessments and mapping of 20 historic graveyards in the guardianship of Donegal County Council; and (iii) the production of a booklet entitled *Wildlife in Buildings* in partnership with Kerry County Council and BirdWatch Ireland. In partnership with the Heritage Office, BirdWatch Ireland continued corvid control of Hooded Crows for the conservation of Breeding Lapwing on Tory Island.

There was an extraordinary response to the publication of the free booklet entitled *Gardening for Biodiversity*, produced by Local Authority Heritage Officers. The free 40-page booklet, written by Juanita Browne and illustrated by Barry Reynolds, details potential projects and actions to help wildlife of all kinds. As part of Culture Night and the implementation of the County Heritage Plan, the Culture Division has produced a series of five, five-minute videos entitled *Biodiversity in Your Back Garden* that draws upon local expertise and experience of natural heritage specialists and enthusiasts in County Donegal to share their advice on making our gardens, green spaces or towns more wildlife friendly. The videos are available on the Donegal County Council YouTube website at:
www.youtube.com/user/wwwdonegalcocoie

Local Authority Heritage Offices and Biodiversity Offices in partnership with the National Biodiversity Data Centre continued to sponsor the annual *Local Authority Pollinator Award* as part of the *Tidy Towns Competition* to encourage local groups to implement pollinator-friendly actions in their towns and villages. In May, the Heritage Office undertook a four-week *Connecting People & Nature* biodiversity radio campaign on Ocean FM and Highland Radio, in partnership with the Heritage Offices of Sligo County Council and Leitrim County Council. Local Authority Heritage Offices also supported *Stories from the Waterside* – a story-telling competition run by *Local Authority Waters Programme.*

# Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna (Dhún na nGall) |
| CCS | Clár Críochnaithe Scolaíochta (An Roinn Oideachais agus Scileanna) |
| CINE | Cultúr i dTimpeallacht Thuaisceartach |
| DMEP | Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall |
| EDIC | Ionad Faisnéise Europe Direct |
| ERDF | Clár an Fhorimill ó Thuaidh agus Artach |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| IRA | Óglaigh na hÉireann |
| Léigh DnG | Léigh Dún na nGall (tionscadal léitheoireachta pobail) |
| LYIT | Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn |
| PPE | Trealamh Cosanta Pearsanta |
| RTÉ | Raidió Teilifís Éireann (craoltóir náisiúnta) |
| TBSP | Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (An Roinn Oideachais agus Scileanna) |
| TTRS | Tadhallchlóscríobh, Léamh agus Litriú |

# Acronyms

| | |
|---|---|
| CINE | Culture In a Northern Environment |
| DMEP | Donegal Music Education Partnership |
| EDIC | Europe Direct Information Centre |
| ERDF | European Regional Development Fund |
| ETB | (Donegal) Education and Training Board |
| HSCL | Home School Community Liaison (Department of Education & Skills) |
| HSE | Health Service Executive |
| IRA | Irish Republican Army |
| LYIT | Letterkenny Institute of Technology |
| NI | Northern Ireland |
| PPE | Personal Protective Equipment |
| RCC | Regional Cultural Centre |
| RDC | Rural District Councils |
| Read DL | Read Donegal (community reading project) |
| RTÉ | Raidió Teilifís Éireann (national broadcaster) |
| SCP | School Completion Programme (Department of Education & Skills) |
| TTRS | Touch, Type, Read, Spell |

Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council